réigiúnacha chun gníomhaíochtaí gach fóraim a stiúradh freisin. Seoladh an suíomh Gréasáin scileanna réigiúnacha [regionalskills.ie](http://regionalskills.ie) mar uirlis cumarsáide le haghaidh fostóirí réigiúnacha agus soláthraithe oideachais agus oiliúna ansin. Agus leas á bhaint as sonraí agus as tacaí eile ón Aonad Taighde Scileanna agus Margadh Saothair i SOLAS, soláthraítear ar an suíomh Gréasáin rochtain ar phróifíl mhionsonraithe do gach ceann de na naoi réigiún. Tógadh an fhaisnéis sin ó gach píosa taighde ábhartha agus ó gach tacar sonraí ábhartha atá ar fáil ó thaobh scileanna de, agus é mar aidhm léi bonn eolais a chur faoi chomhphlé eolach ar riachtanais scileanna.

Déantar ionadaíocht do na Boird Oideachais agus Oiliúna sna fóraim scileanna agus sna Coistí Forbartha Pobail Áitiúla ar leibhéal áitiúil. Tá prótacail ar bun idir na Boird Oideachais agus Oiliúna agus na hOifigí Fiontair Áitiúil freisin.

## An Fhreagairt ó SOLAS

Chun tacú leis na tionscnaimh sin agus le tionscnaimh eile rialtais, lean SOLAS ar aghaidh le leathnú an chórais athnuaithe phrintíseachta a éascú agus le tacaíocht a thabhairt don obair sin sa bhliain 2016. Tríd an raon printíseachtaí atá i bhfeidhm aici, b'amhlaidh, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le fostóirí agus le ceardchumann, gur imir SOLAS ról rithábhachtach maidir le freastal ar an éileamh méadaithe a bhí ann ar fud an tionscail ar raon leathan ceardaithe oilte sa bhliain 2016.

Ina theannta sin, bhí ról lárnach ag SOLAS maidir leis an gComhairle Printíseachta a chumasú dhá phrintíseacht nua a sheoladh sa bhliain. Is printíseacht ar leibhéal céime atá sa dá cheann de na printíseachtaí sin: Printíseacht sa Chleachtas Árachais agus printíseacht san Innealtóireacht Thionsclaíoch/Leictreach. Tá 23 thogra eile le haghaidh printíseachtaí nua á bhforbairt faoi láthair. Tá 30 rogha eile á mbreithniú freisin, agus iad ag teacht ó na 86 scéim fhéideartha ar shainaithe an Chomhairle Printíseachta iad.

Baineadh dul chun cinn suntasach amach freisin ar an gClár um Chúrsaí Oiliúna Gairme a chur ar aghaidh trí líonra na mBord Oideachais agus Oiliúna. Soláthraíodh cúrsa píolótach innealtóireachta i mBord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin agus cuireadh tús le cúrsaí eile oiliúna gairme san earnáil innealtóireachta chomh maith. D'oibrigh SOLAS le 14 Bhord Oideachais agus Oiliúna chun tacú leo clár um chúrsaí oiliúna gairme a bhunú, agus sinn ag díriú ar riachtanais shainaitheanta scileanna in earnálacha ábhartha tionscail amhail an tionscal fáilteachais agus ar chúrsaí oiliúna a thabhairt isteach sna réimsí seo a leanas: an díolachán digiteach agus an mhargaíocht dhigiteach, an bheochan agus an mhaisíocht físe, agus an feistiú intí.

Leanadh ar aghaidh le dea-dhul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, lena n-áirítear an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta. Cuireadh an obair sin i gcrích faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna agus le tacaíocht ó SOLAS.

Tá na príomhéachtaí a baineadh amach maidir le cur chun feidhme na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 leagtha amach sa chéad chuid eile den tuarascáil seo. Maidir leis an mbonneagar sonraí breisoideachais agus oiliúna ina gcuimsítear féilire náisiúnta cúrsaí, bunachar sonraí náisiúnta cúrsaí agus bunachar sonraí náisiúnta foghlaimoírí, cuireadh é ar fáil do gach Bord Oideachais agus Oiliúna le linn na bliana 2016.

Cuireann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghchaí comhairle ar rialtas na hÉireann maidir leis na riachtanais scileanna atá ag an ngeilleagar faoi láthair agus maidir leis na riachtanais scileanna a bheidh ag an ngeilleagar sa toghchaí trí na staidéir earnála a dhéanann sé agus trí shraith foilseachán bliantúil a sholáthraíonn sé ar an soláthar agus ar an éileamh scileanna i margaí saothair náisiúnta agus réigiúnacha.

Lean an tAonad Taighde Scileanna agus Margadh Saothair i SOLAS ar aghaidh le hacmhainn bailiú sonraí, anailíseach agus taighde a chur ar fáil chun tacú le hobair an tSainghrúpa. Foilsíodh roinnt tuarascálacha tábhachtacha ón Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghchaí/ ón Aonad Taighde Scileanna agus Margadh Saothair sa bhliain 2016, lena n-áiríodh iad seo a leanas: *Monitoring Ireland's Skills Supply 2016; Regional Labour Markets Bulletin 2016; National Skills Bulletin 2016; Future Skills Needs of the Biopharma Industry in Ireland 2016; Lifelong Learning Participation Among Adults in Ireland; agus an Annual Vacancy Overview.*

Leanadh ar aghaidh le Plean an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a úsáid chun eolas a thabhairt d'obair SOLAS, agus í ag déanamh athailíniú leanúnach ar a próisis ghnó d'fhonn í féin a chumasú an sainordú atá aici a chomhlíonadh a éifeachtaí is féidir. I ndáil leis sin, tugadh próiseas nua isteach chun leibhéil soláthar foirne a chinneadh san earnáil phoiblí, rud a fheidhmítear faoin meicníocht ceadaíthe tharmilgthe. Ceanglaíodh ar SOLAS plean forbartha fórsa saothair a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna i bhformáid ar leith, agus chomhlíon SOLAS an ceanglas sin. Bhí díospóireacht ina leith sin ar siúl leis an Roinn le tamall fada cheana féin. Ba ag deireadh na bliana 2016 a críochnaíodh an díospóireacht sin ar fad.

Chomh maith leis sin, chuir SOLAS tús leis an bpróiseas chun an dara plean corparáideach uathu a fhorbairt, rud ina gcuimsítear an tréimhse 2017-2019. Tá an plean bunaithe ar gach ceann de na tionscnaimh atá leagtha amach thuas, mar aon le straitéisí eile rialtais amhail an creat fostaíochta cuimsithí do dhaoine faoi mhíchumas. Tacaítear leis na nithe sin ar fad sa phlean freisin. I bhfianaise an phlean chorparáidigh nua atá á fhorbairt, thosaigh SOLAS ag obair ar an struchtúr eagrúcháin reatha a bheachtú agus a athnuachan chun tacú leis an bplean nua a sholáthar.



## Buaicphointí 2016

# 338,427

dtairbhí

Buiséad


# €631.9m



Foilsíodh an **Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil na hEarnála Breisoideachais agus Oiliúna**




Cuireadh **TEDxShannonEd** ar siúl i mí na Nollag 2016



Chuir an tAonad um Chomhordú EGF i SOLAS seirbhísí ar fáil a thacaigh **le breis agus seacht gcéad oibrí** iomarcach ar fud na tíre.

**Seoladh dhá phrintíseacht nua.**

**Tá 23 thogra eile le haghaidh printíseachtaí nua á bhforbairt faoi láthair.**





Tháinig **fetchcourses.ie**,  
ar mol cúrsaí breisoideachais  
agus oiliúna é, i bhfeidhm  
sa bhliain.



Cláraíodh

10,442

phrintíseacht ceardaíochta.



Soláthraíodh oiliúint  
rCholáiste do thart ar:

8,404

foghlaimeoir dífhostaithe agus

839

foghlaimeoir fostaithe



Rinneadh

89,167

gcárta Pas Shábháilte agus



17,506

cinn de chártaí CSCS/QSCS  
a ullmhú agus a dháileadh.



Cuireadh cúig cinn de Chúrsaí píolótacha  
Oiliúna Gairme san Fháilteachas agus Cúrsa  
píolótach Oiliúna Gairme san Innealtóireacht  
i gcrích sa bhliain 2016.



# Forbhreathnú ar Ghníomhaíochtaí

# Straitéis agus Eolas

Oibríonn an Rannán um Straitéis agus Eolas i SOLAS thar thrí rannóg, is iad sin:

- **An Rannóg um Straitéis agus Meastóireacht**, atá freagrach as clár na straitéise breisoideachais agus oiliúna, as planáil chorpáraideach breisoideachais agus oiliúna, as an meastóireacht ar chlár lárshrutha bhreisoideachais agus oiliúna agus as an Aonad Taighde Scileanna agus Margadh Saothair
- **An Rannóg um Planáil Oibriúcháin agus Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí**, atá freagrach as an soláthar breisoideachais agus oiliúna a phleanáil agus a chistiú
- **An Rannóg um Fheabhsú Clár Breisoideachais agus Oiliúna** atá freagrach as an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Bhreisoideachas agus Oiliúint agus as feabhsú clár

## An Creat Straitéiseach Breisoideachais agus Oiliúna a Chur ar Aghaidh

### An Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019

Tá cúig sprioc straitéiseacha ardeibhéil ann ag croilár na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna, is iad sin:

1. Scileanna don Gheilleagar;
2. Cuimsiú Gníomhach, lena n-áirítear Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta;
3. Soláthar ar Ardchaighdeán;
4. Planáil Chomhtháite agus Cistiú Comhtháite;
5. Seasamh an Bhreisoideachais agus na hOiliúna.

Baineadh dul chun cinn suntasach amach sa bhliain 2016 faoi **Sprioc 1, Scileanna don Gheilleagar**. Cuireadh sé cinn nua d'Orduithe Oiliúna Tionscail le haghaidh printíseachtaí le chéile tar éis dul i gcomhairle le hionadaithe d'fhóistoirí, le fostaithe agus le comhlachtaí ábhartha eile. Leagadh na horduithe faoi bhráid Thithe an Oireachtais ansin. Soláthraítear leis na horduithe nua reachtaíocht chumasúcháin faoin Acht Oiliúna Tionscail, 1967, do 11 phrintíseacht bheartaithe. Cumhdaítear leo earnálacha nár tháinig faoi ghníomhaíochtaí reachtúla printíseachta roimhe sin, amhail an chuntasaíocht, an bháicéireacht, an tionscal cócaireachta, an t-árachas agus seirbhísí airgeadais.

Rinne Bord SOLAS straitéis a cheadú agus a sheoladh chun an Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta a fhorbairt don earnáil breisoideachais agus oiliúna. Tosaíodh ar an straitéis a chur chun feidhme sa bhliain 2016. Maidir le taighde ar an mbreisoideachas agus oiliúint dea-chleachtais, choimisiúnaigh SOLAS staidéar ar oideachas agus oiliúint fiontraíochta san earnáil breisoideachais agus oiliúna. Bhí sé mar aidhm leis an staidéar bonn eolais a chur faoi bheartas

agus faoi chleachtas sa réimse sin. Cuireadh tuarascáil an staidéir faoi bhráid SOLAS ansin. Tá SOLAS ag breithniú na bhfionnachtana faoi láthair agus dréachtóidh sí freagra ar an staidéar go luath sa bhliain 2017. Tosaíodh ar thaighde a dhéanamh ar na bacainní atá ann ar rannpháirtíocht sa bhreisoideachas agus oiliúint sa bhliain 2016 freisin. Dírítear go sonrach sa taighde sin ar dhaoine dífhostaithe agus ar ghrúpaí tosaíochta eile. Tá an taighde sin le críochnú sa bhliain 2017.

### Faoi Sprioc 2, Cuimsiú Gníomhach/Straitéis

**Litearthachta agus Uimhearthachta**, leagtar amach go soiléir sa Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 straitéis litearthachta agus uimhearthachta aosach don earnáil breisoideachais agus oiliúna agus an dóigh a gcuirfeadh an straitéis sin chun feidhme. D'oibrigh SOLAS, ETBI agus na Boird Oideachais agus Oiliúna, an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, AONTAS agus raon geallsealbhóirí tábhachtacha eile arna gcistiú ag SOLAS go dlúth le chéile arís eile sa bhliain 2016 chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na struchtúir a theastaíonn chun cur chun feidhme na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta a chur ar aghaidh.

Chomhaontaigh ETBI dul chun cinn a dhéanamh ar na tionscadail taighde fhianaisebhunaithe ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta a scagadh agus a mheasúnú atá ar bun faoi láthair, agus é mar aidhm aige córas measúnaithe tosaigh agus leanúnaigh atá níos iontaofa agus oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil do dhaoine a ghlacann páirt i gcúrsaí litearthachta agus uimhearthachta. Le linn na bliana 2016 freisin, rinne an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh agus na Boird Oideachais agus Oiliúna ceardlanna uimhearthachta a óstáil mar chuid de Sheachtain na Matamaitice a bhí ar siúl idir an 15 agus an 23 Deireadh Fómhair 2016. D'eagraigh an Áisíneacht comhdháil litearthachta teaghlaigh agus sheol sí tuarascáil dar teideal 'Making it go further' freisin. Tá an tuarascáil sin mar chuid de shraith cás-staidéar agus tionscadal foghlama gníomhaíochta ina gcuirtear síos ar an raon cleachtas agus clár litearthachta agus uimhearthachta atá ar bun ar fud na hÉireann.

Cuireadh coiste stiúrtha um fheachtas náisiúnta poiblíochta agus feasachta le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta ar bun sa bhliain 2016. Seoladh an feachtas náisiúnta **takethefirststep.ie** mar chuid den obair sin. Is ionann 'Take the First Step' agus feachtas náisiúnta lena dtugtar cúnamh do dhaoine ag a bhfuil deacrachtaí le léitheoireacht, le scríbhneoireacht, le matamaitic nó le teicneolaíocht. Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis an bhfeachtas: fógraíocht ar stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla; físeán ar éileamh; fógraíocht lasmuigh; margáíocht dhigiteach; agus caidreamh poiblí. Rinneadh meastóireacht ar an bhfeachtas sa bhliain 2016 agus tá na fionnachtana le heisiúint go luath sa bhliain 2017.

Sa bhliain 2016, tuairiscíodh clocha míle suntasacha **faoi Sprioc 3, Soláthar ar Ardchaighdeán**. Cheadaigh Bord SOLAS leithdháiltí cistiúcháin agus tugadh fógra do na faighteoirí faoi na suimeanna sin agus faoi théarmaí agus coinníollacha an chistiúcháin ansin. Foilsíodh an Plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2016 de réir an sceidil freisin. Bhí coinníoll nua ann sna treoirlínte cistiúcháin ab infheidhme i leith na leithdháiltí deontais a chuir SOLAS ar fáil do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí san earnáil breisoideachais agus oiliúna sa bhliain 2016. Ba é an coinníoll sin go mbeadh an cistiú bunaithe ar na cuspóirí luaite a bheith bainte amach ag an bhfaighteoir. Tá athrú tagtha ar an tsamhail pleanála le dhá bhliain anuas agus bhí an tsamhail sin faoi réir athbhreithniú tar éis an plean seirbhísí don bhliain 2016 a fhoilsiú. Úsáidfear é sin chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas feabhsúcháin leanúnaigh i ndáil le pleanáil bhliantúil seirbhísí agus leis na próisis agus na doiciméid a ghabhann léi sa bhliain 2017.

Tháinig **fetchcourses.ie**, an mol cúrsaí breisoideachais agus oiliúna, i bhfeidhm sa bhliain 2016. Is saoráid cuardaigh chúrsaí atá dírithe ar an bpobal é. D'fhorbair SOLAS an suíomh i gcomhpháirt le ETBI agus le soláthraithe eile breisoideachais agus oiliúna. Is bunachar sonraí ar líne é lena soláthraítear faisnéis d'fhoghlaimoirí faoi chúrsaí breisoideachais agus oiliúna, faoi dheontais agus liúntais ghaolmhara agus faoin aon tacaí agus treoir atá ar fáil.

Rinne SOLAS agus ETBI an Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil na hEarnála Breisoideachais agus Oiliúna agus an plean gaolmhar cur chun feidhme a fhoilsiú i mí na Samhna 2016. Tá 19 ngníomh ar leith i gceist leis an bplean agus déanfaidh grúpa stiúrtha náisiúnta a bheidh faoi chathaoirleacht ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maoirseacht ar a chur chun feidhme. Táthar ag súil go dtiocfaidh an grúpa stiúrtha le chéile den chéad uair ag deireadh na chéad ráithe den bhliain 2017. Ar aon dul leis an obair sin, dréachtaíodh an Creat Beartais um Fhorbairt Fostaithe na hEarnála Breisoideachais agus Oiliúna i gcomhar le geallsealbhóirí ar mhaithe lena chomhaontú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá ETBI i mbun Straitéis chomhtháite Treorach Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt le tacaíocht ón Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE). Ullmhaíodh dréacht-Chreat sa bhliain 2016 chun bonn eolais a chur faoi na paraiméadair don Straitéis chomhtháite Treorach Breisoideachais agus Oiliúna agus chun na paraiméadair sin a chomhaontú. Cuireadh an dréacht sin faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus SOLAS lena bhreithniú ansin.

Lean SOLAS agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) de bheith ag obair leis na Boird Oideachais Oiliúna, le hinstiúidí ardoideachais agus le hollscoileanna ar thionscadal a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go ndéanfar bealaí foirmiúla d'fhoghlaimoirí a léarscáiliú laistigh de réigiún shonracha agus de bhráislí sonracha.

Maidir leis sin, rinne an Lónra FET2HE comhdháil dar teideal '*Supporting Progression from FET to HE – Making it Happen*' a óstáil an 21 Deireadh Fómhair 2016, le tacaíocht ó SOLAS agus ón Údarás um Ard-Oideachas. Ba

é príomhchuspóir na comhdhála sin scrúdú a dhéanamh ar an dóigh is fearr chun tacú le dul chun cinn idir an breisoideachas agus oiliúint agus an t-ardoideachas agus sainaitheant a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile a theastaíonn chun dul chun cinn a mhéadú. Úsáidfear an t-aiseolas ón gcomhdháil chun obair leanúnach an líonra a threorú agus a dhírú amach anseo.

**Faoi Sprioc 4, Pleanáil Chomhtháite agus Cistiú Comhtháite**, rinne SOLAS breithniú sa bhliain 2015 ar shamhail cistiúcháin a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar thorthaí agus atá oiriúnach d'earnáil breisoideachais agus oiliúna na hÉireann. Forbraíodh an tsamhail sin tuilleadh le linn na bliana 2016. Rinneadh athbhreithniú ar an tsamhail reatha um pleanáil chomhtháite sa bhliain 2016 agus cuirfear na feabhsuithe a moladh san athbhreithniú sin ar áireamh i bpróiseas bliantúil pleanála seirbhíse SOLAS/na mBord Oideachais agus Oiliúna don bhliain 2017.

Tá tionscadal píolótach ar siúl faoi láthair chun acmhainn straitéiseach a mhéadú san earnáil breisoideachais agus oiliúna. Tá dea-dhul chun cinn á dhéanamh ina leith le trí Bhord Oideachais agus Oiliúna (Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise-Uíbh Fhailí agus Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall). Shínigh na Boird Oideachais agus Oiliúna sin creat-chomhaontú straitéiseach aon bhliana le SOLAS le linn na bliana 2016. Leagtar síos sa chomhaontú sin sraith ionchas comhaontaithe atá ann idir SOLAS agus an Bord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Is céim thábhachtach é den phróiseas atá ar siúl chun bogadh i dtreo samhail cistiúcháin agus pleanála atá níos straitéisí agus bunaithe ar thorthaí. Mar achoimre, is amhlaidh, le tacaíocht ó SOLAS, go ndéanfaidh na Boird Oideachais agus Oiliúna bunathrú ar an dóigh a bpleanálann siad a soláthar breisoideachais agus oiliúna agus a seirbhísí gaolmhara, agus aird á tabhairt acu ar threochtaí eacnamaíocha agus sóisialta ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Tá na nithe seo a leanas i measc gnéithe sonracha den chomhaontú agus den phlean gaolmhar cur chun feidhme;

- Cuspóir an chláir bhreisoideachais agus oiliúna agus nithe is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur air
- Tomhais reatha ar rath (maidir le socrúcháin, le dul chun cinn agus le críochnú deimhnithe)
- Tomhais chomhaontaithe nua ar rath (maidir le socrúcháin, le dul chun cinn agus le críochnú deimhnithe)
- An phróifíl reatha breisoideachais agus oiliúna de réir Réimsí Foghlama an Aicmithe Idirnáisiúnta Chaighdeánaigh ar an Oideachas (ISCED)
- Próifíl chomhaontaithe leasaithe breisoideachais agus oiliúna don Bhord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann
- Feabhsuithe nua/uasghráduithe atá beartaithe le haghaidh soláthar agus seirbhísí breisoideachais agus oiliúna
- Dúshláin agus rioscaí



Táthar ag súil go dtosófar athbhreithniú ar an tionscadal píolótach sa dara cuid den bhliain 2017, agus é beartaithe an tionscadal a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne mar chuid den phróiseas pleanála seirbhíse don bhliain 2017/2018.

Ag gníomhú di thar ceann SOLAS, chuir an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) tús le meastóireacht neamhspleách ar an gclár náisiúnta iar-ardteistiméireachta sa dara cuid den bhliain 2015. Tá an mheastóireacht sin mar chuid de sceideal meastóireachtaí a dhéanfar ar chlár lánaimseartha bhreiseoideachais agus oiliúna thar thréimhse cúig bliana. Ba faoi Phlean Cur Chun Feidhme na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna a ghabh SOLAS uirthi féin tabhairt faoi na meastóireachtaí. Tá an taighde ar an gclár Iar-Ardteistiméireachta ar an gcéad cheann sa sceideal agus tá trí shnáithe ag gabháil leis: (i) Suirbhé ar Fhoghlaimoirí, (ii) Suirbhé ar Sholáthraithe, (iii) Taighde Deisce. Chuir ESRI a fionnachtana eatramhacha faoi bhráid Bhord SOLAS sa dara cuid den bhliain 2016. Tá ESRI chun an tuarascáil deiridh ar an meastóireacht a chur faoi bhráid SOLAS i mí na Bealtaine 2017.

Tá an díospóireacht maidir le Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí fós ar siúl le QQI, leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Údarás um Ard-Oideachas. Tagann an méid sin sna sála ar chomhaontú malartaithe sonraí a síníodh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí sa bhliain 2016.

**Faoi Sprioc 5, *Seasamh an Bhreiseoideachais agus na hOiliúna***, rinne Bord SOLAS Straitéis Cumarsáide agus Brandála SOLAS 2015-2018 a cheadú sa bhliain 2015. Tá an straitéis sin á cur ar aghaidh faoi láthair. Chun tacú le fetchcourses.ie, reáchtáladh feachtas sna meáin dhigiteacha ar mhaithe le dul i gcion ar an sprioclucht féachana – is iad sin, daltaí ardteistiméireachta, críochnaitheoirí scoile agus foghlaimoirí aosacha. Baineadh leas as ardáin mheán shóisialta, Facebook agus Twitter san áireamh, chun daoine a threorú chuig an suíomh freisin.

Cuireadh TEDxShannonEd ar siúl i mí na Nollag 2016, áit ar tugadh grúpa cainteoirí spreagúla le chéile chun an tSeachtain Eorpach Gairmoideachais agus Gairmoiliúna a chomóradh. Imeacht neamhspleách de chuid TED<sup>1</sup> ba ea é. Reáchtáil SOLAS é i gcomhpháirt le Atlantic Aviation. Ba é *'Many Paths to Success'* an téama don imeacht.

1 Is ionann TED agus eagraíocht neamhbhrabúis atá tiomanta do 'Ideas Worth Spreading' ('Smaointe is Fiú a Scaipeadh'). I bhformhór na gcásanna, is iad smaointeoirí tábhachtacha a chuireann na smaointe sin i láthair i bhfoirm gearrchainteanna cumhachtacha (a mhaireann 18 nóiméad nó níos lú).

## Plean Corparáideach SOLAS 2014 – 2016

Foilsíodh Plean Corparáideach SOLAS 2014 – 2016 i mí na Bealtaine 2014. Leagtar amach ann an cur chuige a ghlacfaidh SOLAS i leith dul chun cinn a dhéanamh ar na 23 cheangaltas a leagadh uirthi i bPlean Cur Chun Feidhme na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna, atá faoi stiúir na Roinne Oideachais. Leagtar amach ann freisin an cur chuige a ghlacfaidh SOLAS i leith tacaíocht a thabhairt do na príomh-chomhpháirtithe eile a gceangaltais féin faoin bplean sin a chomhlíonadh.

I bPlean Corparáideach SOLAS, pléitear go mion leis na sé sprioc ardleibhéil seo a leanas:

1. Soláthar scileanna don gheilleagar a chumasú
2. Tacú le cuimsiú gníomhach
3. Foghlaimoirí agus fostóirí a chumhachtú
4. Tionchar a imirt ar bheartas agus ar chleachtas breisoideachais agus oiliúna trí fhaisnéis a ghiniúint agus trí thacú le nuálaíocht agus le fiontraíocht
5. Acmhainn agus sofheagracht na hearnála a fhorbairt
6. Inniúlacht agus éifeachtacht eagrúcháin SOLAS a fhorbairt

Déanann an Coiste Pleanála Straitéisí de chuid Bhord SOLAS maoirseacht ar chur chun feidhme Phlean Corparáideach SOLAS i gcomhthéacs na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna agus i gcomhthéacs na bhfreagrachtaí eile atá ar SOLAS. Ina theannta sin, tugann an coiste dearbhú do Bhord SOLAS maidir leis na gníomhartha sin atá leagtha amach i bPlean Mionsonraithe Cur Chun Feidhme na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna agus a bhfuil sé de dhualgas ar SOLAS iad a stiúradh. Tugann an coiste dearbhú freisin maidir leis an bplean reatha atá ar bun chun na tosaíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha atá ag SOLAS a chomhlíonadh.

Leagtar amach i bplean cuimsitheach cur chun feidhme cén dóigh a mbíonn na sé sprioc ardleibhéil atá luaithe thuas á gcur ar aghaidh. Sa bhliain 2016, leanadh ar aghaidh le tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn ina leith sin a sholáthar do Bhord SOLAS lena n-athbhreithniú. Ina theannta sin, leagadh amach i bpleananna gnó de chuid aonaid aonair SOLAS don bhliain 2016 na gníomhartha sonracha lena dtacaítear le cur chun feidhme Phlean Corparáideach SOLAS agus lena n-éascaítear an obair sin.

B'amhlaidh gur baineadh amach formhór na gcloch míle a bhí leagtha síos sa phlean cur chun feidhme don bhliain 2016. Ba ghá gníomh ceartaitheach a dhéanamh i dtaca le clocha míle áirithe. Comhaontaíodh gníomh ceartaitheach cuí ina leith i bhformhór na gcásanna. Tá na gníomhartha á gcur ar aghaidh faoi láthair. Is fiú a thabhairt faoi deara nach rabhthas ag súil le gnéithe áirithe oibre a leagadh ar SOLAS tar éis fhoilsiú an phlean chorparáidigh bhunaidh, e.g. obair a bhain le Ciste Sóisialta na hEorpa. Mar sin, ní léirítear na gnéithe sin sa Phlean Corparáideach reatha ó SOLAS.

Chuir SOLAS cleachtadh pleanála fórsa saothair i gcrích i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn na bliana 2016. Tá sé mar aidhm leis an gcleachtadh an croíghnó a dhéanann SOLAS a bhunú, agus a chinntiú go bhfuil an eagraíocht den mhéid cheart chun freastal ar na riachtanais atá aici faoi láthair agus ar na riachtanais a bheidh aici sa todhchaí. Tar éis do chomhairleoirí seachtracha, ag gníomhú dóibh faoi threoir an Choiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca, iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt agus cur chun feidhme Phlean Corparáideach SOLAS sa bhliain 2016, chomhaontaigh Bord SOLAS go ndéanfaidh sé Plean Corparáideach nua a fhorbairt agus a fhoilsiú don tréimhse 2017-2019.

## Taighde SOLAS sa Bhliain 2016

Cuireann an tAonad Taighde Scileanna agus Margadh Saothair i SOLAS taighde, sonraí agus anailís ar fáil do SOLAS agus don Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Foilsíonn an tAonad taighde agus tuarascálacha lena gcabhraítear le beartas agus le cleachtas a fhorbairt agus a athbhreithniú sna hearnálacha breisoideachais, ardoideachais agus oiliúna.

Chomh maith leis sin, déanann an tAonad bainistiú ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta Scileanna agus cuireann sé sonraí faoin margadh saothair agus anailís ar an margadh saothair ar fáil do raon geallsealbhóirí ar bhonn náisiúnta, lena n-áirítear earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna. Soláthraíonn sé teilgean fostaíochta gairme suas go dtí an bhliain 2020 freisin. Maidir leis sin, thug foireann an Aonaid faisnéis chórasach do bhainisteoirí agus do bhaill foirne in ionaid/láithreacha de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna a mbíonn teagmháil dhíreach acu le foghlaimeoirí, le fostóirí agus le geallsealbhóirí eile sa bhliain 2016. Bhain an fhaisnéis sin le riachtanais scileanna náisiúnta/réigiúnacha agus le déimeagrafaíocht eile margadh saothair a bhí ábhartha d'abhantrach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Tar éis dúinn breithniú cúramach a dhéanamh ar na seirbhísí ar dóigh go n-éileofar iad, cuireadh béim an Phlean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2016 ar fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar raon an tsoláthair bhreisoideachais agus oiliúna, agus ní ar an soláthar a leathnú. Rud tábhachtach, ba iad na príomhghnéithe tosaíochta a sainithníodh don soláthar beartaithe breisoideachais agus oiliúna sa bhliain 2016 ná cúrsaí nua a thabhairt isteach i réimsí amhail TFC, an déantúsaíocht, an innealtóireacht, an turasóireacht, an díolachán idirnáisiúnta, an fhiontraíocht agus forbairt bainistíochta. Bheadh na cúrsaí sin ar leibhéil a cúig agus a sé ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó ar na leibhéil choibhéiseacha ar an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí.

Sa bhliain 2016, thug an tAonad Taighde Scileanna agus Margadh Saothair faoi sceideal cuimsitheach taighde bhliantúil agus foilseachán bliantúil i gcomhar leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, mar aon le hobair thaighde eile. Áiríodh iad seo a leanas leis na saothair a soláthraíodh ina leith sin:

- *Annual Vacancy Overview*
- *Life-Long Learning amongst Adults in Ireland*
- *Annual National Skills Bulletin*
- Tuarascáil Bhliantúil; *Monitoring Ireland's Skills Supply*
- *Annual Regional Labour Markets Bulletin*
- Anailís a dhéanamh ar Thrasdul sa Mhargadh Saothair
- Suirbhéanna a dhéanamh ar Ghníomhaireachtaí Earcaíochta (dhá uair sa bhliain)
- Réamhaisnéisí a thabhairt maidir le Printíseachtaí
- Nuashonrú a chur i gcrích ar an Tairseach Scileanna
- Tuarascálacha a ullmhú don Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP)
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt don Chóras Ceadanna Fostaíochta sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt do na Fóraim Scileanna Réigiúnacha de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Tacaíocht a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le sonraí meastóireachta faoi chúrsaí fáilteachais
- Tacaíocht a thabhairt don Roinn Sláinte maidir le cur chuige comhtháite straitéiseach a fhorbairt i leith planáil fórsa saothair san earnáil cúram sláinte agus cúraim shóisialta.



## An Plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2016

Tá an Plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2016 ar an tríú plean bliantúil seirbhísí breisoideachais agus oiliúna arna fhorbairt ag SOLAS, ag na Boird Oideachais agus Oiliúna, ag soláthraithe eile breisoideachais agus oiliúna agus ag gníomhaireachtaí agus ag comhlachtaí eile. Is plean seirbhísí comhtháite é le haghaidh soláthar seirbhísí breisoideachais agus oiliúna. Is é aidhm straitéiseach fhoriomlán an phlean córas comhtháite breisoideachais agus oiliúna a fhorbairt in Éirinn, ar córas é lena bhfreastalófar ar riachtanais an fhoghlaimeora, an fhiontair agus an phobail. Tá an próiseas pleanála breisoideachais agus oiliúna bunaithe orthu seo a leanas: creat uileghabhálach na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna; comhairliúchán le geallsealbhóirí; forbairtí nua amhail foilsíú na Straitéise Náisiúnta Scileanna 2025 – Todhchaí na hÉireann; bunú na Comhairle Printíseachta; an Chomhairle Náisiúnta nua Scileanna agus na Fóraim Scileanna Réigiúnacha; an tionscnamh um Bealaí chun na hOibre; agus líonrú leis an tionscal áitiúil, etc. Imríonn straitéisí cosúil leo seo a leanas tionchar ar an bpróiseas pleanála freisin:

- An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach
- An Straitéis Náisiúnta um Míchumas - An Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí
- An Straitéis Náisiúnta Drugaí
- An Straitéis Fostaíochta Cuimsithí
- Bealaí chun na hOibre – ráithe 4 den bhliain 2016
- 'Make Work Pay' (do Dhaoine faoi Mhíchumas)
- 'Making Integration Work' – Oiliúint Teanga d'Imircigh Aosacha

Is gá an próiseas pleanála a bheith solúbtha agus is gá cumas a bheith aige freastal ar na riachtanais atá ag timpeallachtaí atá ag athrú, amhail athruithe i gcúinsí eacnamaíocha, laghduithe agus/nó méaduithe sa dífhostaíocht ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, agus athruithe ar riachtanais an fhiontair. Má ghlactar an cur chuige sin, is amhlaidh go leanfaidh an earnáil breisoideachais agus oiliúna ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt maidir lena chinntiú go mbeidh fórsa saothair atá cumasach agus oile go cuí ar fáil againn agus go mbeidh acmhainn ag an earnáil ag an am céanna freastal ar riachtanais an fhoghlaimeora agus an phobail araon.

Déantar breithniú sa phróiseas pleanála breisoideachais agus oiliúna ar na riachtanais atá ag na cohóirt éagsúla foghlaimeoirí a bhaineann leas agus tairbhe as soláthar breisoideachais agus oiliúna. Áiríodh iad seo a leanas leis na tosaíochtaí ábhartha cistiúcháin don Phlean Seirbhísí don bhliain 2016:

- Clár bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar chun scileanna nó scileanna nua a chur ar dhaoine dífhostaithe agus ar chuardaitheoirí eile poist ionas gur féidir leo post a fháil agus/nó dul ar aghaidh chuig an

ardoideachas/chuig an mbreisoideachas agus oiliúint, rud a chumasóidh dóibh dul in iomaíocht le haghaidh post sa mhargadh saothair.

- Clár bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt do raon éagsúil daoine aonair atá ag iarraidh scileanna pearsanta, sóisialta nó forbartha a ghnóthú ar mhaithe le iad a chumasú dul i mbun foghlama, nó chun iad a chumasú fíor-rannchuidiú a dhéanamh maidir lena bpobal nó dul ar aghaidh chuig an mbreisoideachas agus oiliúint.
- Sainaithníodh grúpaí tosaíochta amhail daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine óga atá dífhostaithe agus comhaontaíodh spriocrátaí rannpháirtíochta ar fud an tsoláthair bhreisoideachais agus oiliúna leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Tugadh tosaíocht do na printíseachtaí atá ar fáil faoi láthair a leathnú, ar aon dul leis an éileamh i measc fostóirí. Táthar ag díriú ar an raon printíseachtaí nua a mhéadú ag an am céanna.
- Tugadh tosaíocht freisin do thacú leis an gClár um Athshocrú Dídeanaithe maidir le teacht isteach dídeanaithe sna hIonaid Ghlactha agus Treosúimh Éigeandála agus maidir lena socrú isteach ina dteach nua.

Forbraíodh an Plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2016 chun sonraí ardleibhéil a chur fáil faoi na nithe seo a leanas: an soláthar breisoideachais agus oiliúna a gcisteoidh SOLAS é; cé hé a chuirfidh an soláthar sin ar fáil; cén uair a chuirfear an soláthar sin ar fáil agus cén áit a gcuirfear é ar fáil; cén costas a bheidh ar an soláthar sin; agus aschur réamh-mheasta an tsoláthair i dtaca le rátaí críochnaithe nó deimhnithe nó i dtaca leis an líon daoine a rachadh ar aghaidh chuig an ardoideachas agus chuig socrúcháin phoist.

Sa Phlean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2016, foráladh do leithdháileadh iomlán buiséid €634.4m (a athbhreithníodh go €631.9m le linn na bliana) a chur ar fáil do sholáthar breisoideachais agus oiliúna arna chistiú ag SOLAS sa bhliain 2016. Cuireadh 338,427 ndeis ar fáil d'fhoghlaimeoirí i gclár bhreisoideachais agus oiliúna agus i seirbhísí breisoideachais agus oiliúna arna gcistiú ag SOLAS sa bhliain 2016. Áiríodh leis an bhfigiúr sin 251,246 dhuine a ghlac páirt i soláthar breisoideachais agus oiliúna den chéad uair riamh sa bhliain 2015. Cuireadh thart ar 60% den soláthar ar fad sa bhliain 2016 ar fáil do dhaoine aonair ónar theastaigh cúrsaí/tacaí bunleibhéil (ar fud raon éagsúil clár breisoideachais agus oiliúna suas go leibhéal a ceathair ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó a choibhéis) chun cabhrú leo filleadh ar ais ar an bhfostaíocht thar thréimhse fhada ama.

Tabhair faoi deara: Tá na figiúirí bunaithe ar an aschur a thuairiscigh na Boird Oideachais agus Oiliúna

# An Breisoideachas agus Oiliúint sa Bhliain 2016

## 338,427

DTAIRBHÍ

## 251,246

RANNPHÁIRTÍ NUA

## 118,449

NÁIT LÁNAIMSEARTHA

## 219,978

NÁIT PHÁIRTAIMSEARTHA

## 53,835

ÁIT OIDEACHAS  
POBAIL

## 9,243

ÁIT I GCÚRSAÍ  
RCHOLÁISTE

## 735

ÁIT I GCÚRSAÍ MOMENTUM

## 10,442

PHRINTÍSEACHT\*

### ARNA SOLÁTHAR ACU SEO A LEANAS

- 16 cinn de Bhoird Oideachais agus Oiliúna
- 32 gcinn de Mheánscoileanna Deonacha agus de Scoileanna Cuimsitheacha Pobail
- 22 cheann de Ghníomhaireachtaí agus de Chomhlachtaí Stáit
- 10 gcuibhreannas a fuair cúnamh deontais

\*An Líon Iomlán Printíseachtaí ag deireadh na bliana 2016.

### Cineálacha Clár

Cineál Cláir	Iomlán na dTairbhíthe Iarbhír Tuairiscithe, 2016
Oiliúint Printíseachta	8,028
Oiliúint Chumaisc	482
Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna	1,281
Ionaid Oiliúna Pobail	3,167
Ceardlanna Ceartais	311
Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna	4,292
An Clár Iar-Ardteistiméireachta	57,904
Clár Shainoiliúna	3,687
Oiliúint Sainscoileanna	14,310
Oiliúint Cúrsaí Oiliúna	4,151
An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais	8,235
Ógtheagmháil	8,542
<b>Iomlán na gClár Lánaimseartha</b>	<b>114,390</b>
An Litearthacht Aosach	40,186
Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas	37,412
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile	15,584
Oiliúint Oíche	14,688
Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna	22,277
Díanteagasc san Oideachas Bunata Aosach	3,327
Oiliúint Leabharlaine	317
Athshocrú Dídeanaithe	584
Scileanna don Obair	2,958
Teagasc Deonach sa Litearthacht	2,160
<b>Iomlán na gClár Páirtaimseartha</b>	<b>139,493</b>
Oideachas Pobail	53,835
<b>Iomlán an Oideachais Phobail</b>	<b>53,835</b>
<b>Iomlán na gClár Uile do Bhoird Oideachais agus Oiliúna</b>	<b>307,718</b>
Clár Iar-Ardteistiméireachta – meánscoileanna deonacha agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha	2,931
<b>Iomlán na gClár Iar-Ardteistiméireachta Uile</b>	<b>60,835</b>
Clár an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas – meánscoileanna deonacha agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha	1,206
<b>Iomlán na gClár Uile de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas</b>	<b>38,618</b>
Cumann Bodhar na hÉireann (lánaimseartha)	365
MOMENTUM (lánaimseartha)	735
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	28
<b>Iomlán na gClár Náisiúnta Lánaimseartha</b>	<b>1,128</b>
<b>Iomlán na gClár Lánaimseartha Uile</b>	<b>118,449</b>
Clár Write on de chuid NALA (páirtaimseartha)	16,201
Foghlaím ar líne (rCholáiste) (páirtaimseartha)	9,243
<b>Iomlán na gClár Náisiúnta Páirtaimseartha</b>	<b>25,444</b>
<b>Iomlán na gClár Páirtaimseartha Uile</b>	<b>219,978</b>
<b>Iomlán na gClár Uile</b>	<b>338,427</b>



# Forbairt Scileanna

Oibríonn an Rannán Forbartha Scileanna leis an bhfiontar chun tacú leis an gcóras breisoideachais agus oiliúna.

Oibríonn an rannán thar thrí rannóg, is iad sin:

- **An tAonad Nuálaíochta**, lena n-áirítear Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don phobal breisoideachais agus oiliúna agus forbairt fostaithe sa mhórfhórsa saothair
- **An Rannóg um Chláir Lárnacha**, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, MOMENTUM, an rCholáiste agus an fhoghlaím le cuidiú teicneolaíochta
- **An Rannóg um Sheirbhísí Printíseachta agus Tógála**

## Nuálaíocht Clár Náisiúnta, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus Forbairt an Fhórsa Saothair

Ag obair dó i gcomhpháirt leis na Boird Oideachais agus Oiliúna agus leis an bhfiontar, d'fhorbair an tAonad Nuálaíochta Náisiúnta i SOLAS cúrsaí oiliúna gairme sna réimsí seo a leanas sa bhliain 2016: an Fáilteachas; an Innealtóireacht; an Mhaisíocht Físe le haghaidh Beochana agus Iarléirithe; agus an Díolachán Digiteach agus an Mhargáíocht Dhigiteach do ghnólachtaí beaga. Cuireadh cúig cinn de Chúrsaí píolótacha Oiliúna Gairme san Fháilteachas agus Cúrsa píolótach Oiliúna Gairme san Innealtóireacht i gcrích sa bhliain 2016.

Is é is aidhm do chúrsa oiliúna gairme deis a thabhairt do rannpháirtithe a gcosa a chur faoi ghairm ar leith. Cuirtear meascán d'fhoghlaím ar an láthair agus d'fhoghlaím as an láthair ar fáil lena linn. Is gnách go maireann an cúrsa idir 6 mhí agus 18 mí.

Mar aon le hábhair thacaíochta, forbraíodh dhá thionscnamh oiliúna chun tacú le baill foirne na mBord Oideachais agus Oiliúna agus le pearsanra cuideachtaí a bhfuil freagracht orthu as cúrsaí oiliúna gairme a chur chun feidhme. Ba é ab aidhm do cheann amháin de na tionscnaimh sin cabhrú le baill foirne na mBord Oideachais agus Oiliúna riachtanais oiliúna a shainaithint trí dhul i mbun próiseas próifílithe gairme i gcomhar le cuideachtaí. Maidir leis an gceann eile, ar chlár oiliúna do Mhaoirseoirí Ionad Oibre é, ba é ab aidhm dó cur leis an acmhainn atá ag an bpearsanra ábhartha de chuid cuideachtaí a sholáthraíonn cúrsaí oiliúna gairme ionas gur féidir leo tacú le foghlaim obairbhunaithe.

Tá meastóireacht á déanamh ar na cúrsaí píolótacha faoi láthair. Críochnófar í sa bhliain 2017. Úsáidfear fionnachtana na meastóireachta chun cabhrú le hathbhreithniú agus le leathnú a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna ar bhonn náisiúnta, faoi mar atá leagtha amach sa "Phlean Gníomhaíochta um Chúrsaí Printíseachta agus Oiliúna a Leathnú in Éirinn 2016-2020".

## Forbairt an Fhórsa Saothair

Ag teacht sna sála ar fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta nua Scileanna i mí Eanáir 2016, cuireadh de chúram ar SOLAS creat beartais um fhorbairt fostaithe a cheapadh i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha.

Is é is aidhm don chreat treoir a thabhairt don ghníomhaíocht arna déanamh ag an earnáil breisoideachais agus oiliúna chun tacú le forbairt fostaithe in Éirinn. Ar mhaithe le fás sóisialta agus geilleagrach na hÉireann, beidh sé rithábhachtach cur lena leordhóthanaí agus lena ábhartha atá scileanna na ndaoine atá san fhostaíocht.

Tá an creat á cheapadh trí thaighde agus trí chomhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí agus le comhpháirtithe ábhartha. Beidh an obair sin bunaithe ar an mbeartas agus ar an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le forbairt scileanna agus déanfar scrúdú lena linn ar chomhthéacs an bheartais, an tsoláthair agus na dtacaí reatha le haghaidh forbairt fostaithe in Éirinn. Táthar ag iarraidh go mbeidh sé ina chreat náisiúnta nua beartais chun tacú leis an rannchuidiú a dhéanann na Boird Oideachais agus Oiliúna agus a gcomhpháirtithe ábhartha maidir le scileanna fostaithe a fhorbairt, go háirithe daoine atá ag gabháil d'obair íseal-oilte. Foilseofar an creat tar éis é a chomhaontú go foirmiúil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tosófar ar thograí an chreata a chur chun feidhme sa bhliain 2017 agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin suas go dtí an bhliain 2019.

## An Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil na hEarnála Breisoideachais agus Oiliúna 2017-2019

Le linn na bliana 2016, rinne SOLAS, ag gníomhú di i gcomhar le ETBI, an chéad Straitéis Forbartha Gairmiúla riamh don earnáil breisoideachais agus oiliúna a cheapadh agus a fhoilsiú. Cuimsítear an tréimhse 2017 – 2019 sa straitéis. Tá an straitéis bunaithe ar chomhairliúchán le geallsealbhóirí agus ar phróisis taighde agus cuirtear inti leis na sonraí a bailíodh le linn an tionscadail um Próifíl Scileanna an Fhórsa Saothair Breisoideachais agus Oiliúna 2015. Léiríonn an méid sin an cuspóir atá leagtha amach sa Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, is é sin, go nglacfar cur chuige fianaisebhunaithe i leith forbairt ghairmiúil gach duine a oibríonn san earnáil breisoideachais agus oiliúna.

Léirítear san fhianaise atá leagtha amach sa straitéis um fhorbairt ghairmiúil na hearnála breisoideachais agus oiliúna gurb ardcháilithe atá cleachtóirí san earnáil agus gur nós leo páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla. Is é aidhm na straitéise an cultúr sin

a chothú agus a fhorbairt tuilleadh trí fhorbairt ghairmiúil a chur ar fáil atá spriocdhírthe agus atá dírithe ar a bhfuil i ndán dúinn agus trí fhorbairt a dhéanamh ag an am céanna ar na tacaí agus na struchtúir a theastaíonn ó chur chuige atá comhtháite agus comhsheasmhach. Féachfar inti leis an méid sin a bhaint amach trí 19 ngníomh atá leagtha amach faoi thrí sprioc straitéiseacha, is iad sin: córais bhonneagair agus sholáthair a fhorbairt; inniúlacht na hearnála breisoideachais agus oiliúna a mhéadú; agus cistiú agus acmhainní inbhuanaithe a chruthú le haghaidh gníomhaíocht forbartha gairmiúla.

Toisc gur eanáil dhinimiciúil í an eanáil breisoideachais agus oiliúna, baineann ríthábhacht le forbairt ghairmiúil d'fhórsa saothair ar gá dó na riachtanais atá ag geilleagar agus ag sochaí a bhíonn ag athrú i gcónaí a réamh-mheas agus ar gá dó freagairt do na riachtanais sin agus freastal orthu.

### **Clár Lárnacha – Clár MOMENTUM, clár an rCholáiste, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF)**

#### **Momentum**

Chuir clár MOMENTUM cistiú ar fáil chun oideachas agus oiliúint saor in aisce a sholáthar do bhreis agus 12,500 duine atá difhostaithe go fadtéarmach ionas go mbeidís in ann scileanna a ghnóthú agus deiseanna fostaíochta a rochtain in earnálacha atá ag fás sa gheilleagar agus atá ceangailte go díreach le folúntais phoist atá á dtairiscint ag fostóirí áitiúla. Tairgeadh do rannpháirtithe oiliúint atá creidiúnaithe de réir caighdeán ábhartha tionscail agus/nó de réir an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (leibhéal a ceathair go leibhéal a sé) mar aon le socrúchán oibre a bhfuair siad tacaíocht ina leith.

Soláthraíodh clár MOMENTUM in dhá chéim. Bhí an chéad chlár (clár MOMENTUM 1) ar siúl sa tréimhse 2013-2014. Thosaigh an dara clár (clár MOMENTUM 2) sa bhliain 2014 agus tiocfaidh sé chun deiridh sa bhliain 2017.

Tar éis dóibh páirt a ghlacadh i gclár MOMENTUM 2, fuair 34% de rannpháirtithe fostaíocht lánaimseartha agus fuair 11% sa bhreis fostaíocht pháirtaimseartha. Is ní dearfach é sin nuair a bhreithnítear é i gcomparáid le taighde a foilsíodh le déanaí á léiriú go raibh daoine a bhí difhostaithe go fadtéarmach ag dul i mbun fostaíochta ar rátaí cóngarach do 10%, cé go raibh daoine a bhí difhostaithe go gearrthéarmach ag dul i mbun fostaíochta ar rátaí de thart ar 50%.

#### **Teistiméireacht – Helen (oiliúint MOMENTUM ar Chúrsa Rúnaí Leighis)**

### **"D'IOMPAIGH MÉ Ó MHÁTHAIR A FHANANN SA BHAILE I MO MHAOIRSEOIR OILIÚNA"**

*D'oibrigh mé mar Mhaoirseoir Miondíola i mórchuideachta miondíola sa Ríocht Aontaithe ar feadh 9 mbliana. Bhog mé ar ais go hÉirinn ansin agus chaith mé 3 bliana ag obair sa tionscal Árachas Taistil sular thosaigh an tionscal ag streachailt. Tar éis trí bliana a chaitheamh sa bhaile, thosaigh mé an Diplóma Rúnaí Leighis de chuid Pitman Training trí chlár MOMENTUM. Bhí cuair foghlama dúshlánach agam ach fuair mé tacaíocht iontach ó mhaoirseoirí. Sa deireadh, bhí mé ar an mbean a ndeachaigh na mic léinn eile chuici nuair a theastaigh cabhair uathu. Buailim go rialta fós le ceathrar de na cailíní ar chas mé orthu le linn an chúrsa. Bhí eispéireas againn uile a d'athraigh ár saol agus rinneamar cairdeas iontach le daoine nua lena linn! Chuir mé taithí oibre i gcrích san Ospidéal Ollscoile tar éis na hoiliúna. Tar éis dom an taithí oibre a chur i gcrích, thug mo mhaoirseoir ó chlár MOMENTUM glao orm chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt dom. Ba chúis iontais dom é nuair a d'fhiafraigh sí díom ar mhaith nó nár mhaith liom dul faoi agallamh le haghaidh poist le Pitman Training. Tá a fhios ag an saol Fódach cad a tharla ina dhiaidh sin. D'iompaigh mé ó mháthair a d'fhan sa bhaile i mo Mhaoirseoir do chlár MOMENTUM le Pitman Training i mbliana!*

#### **An rCholáiste**

Tá an rCholáiste ar an tSeirbhís Náisiúnta Foghlama ar líne. Sa bhliain 2016, soláthraíodh leis oiliúint saor in aisce do thart ar 9,000 foghlaiméoir difhostaithe. Soláthraíodh leis oiliúint do 1,000 foghlaiméoir fostaíthe freisin, ach táillí a ghearradh orthu ina leith. Léiríonn sé sin go bhfuil aistriú ann ó sholáthar do chuardaitheoirí poist chuig tacaíocht do na daoine sin atá i mbun fostaíochta agus is léiriú é go bhfuil an margadh ag athrú. Bíonn cúrsaí rCholáiste ar fáil ar bhonn leanúnach d'iontrálaithe nua agus ní bhíonn aon liostaí feithimh leo. Is féidir le hOifigigh Sheirbhísí Fostaíochta foghlaiméoirí a chur ar aghaidh le haghaidh cúrsa am ar bith. Is iad cúrsaí TF formhór na gcúrsaí a sholáthraítear bunaithe ar éileamh. Mar sin féin, bhí méadú ann sa bhliain 2016 ar an éileamh ar chúrsaí i margáíocht dhigiteach, ar chúrsaí dearaidh chruthaithigh i ndearadh don Ghréasán agus i ndearadh do na meáin chlóite agus ar oiliúint i scileanna miondíola agus i Sláinte agus Sábháilteacht. Chomh maith leis sin, sheol an rCholáiste cúrsa "Labhair Gaeilge Liom" mar chuid de fhreagairt SOLAS do chomóradh céad bliain 1916.

Cuirtear na cúrsaí ar fáil trí ardáin úrscothacha foghlama ar líne ar a n-úsáidtear na huirlisí cumarsáide agus comhair is déanaí. Leis na gníomhartha sin, éascaítear eispéireas foghlama gníomhaí i dtimpeallacht shaibhir foghlama.



## Teistiméireachtaí

*"Táim tar éis mo chúrsa tríd an rCholáiste a chur i gcrích. Táim ag obair go lánaimeartha i TF anois agus bhí eispéireas iontach agam ar fud an aistir seo ar fad".*

*"Thug na teagascóirí tacaíocht den chéad scoth dom agus bhí ábhar an chúrsa ar fheabhas. Is fíorbhuntaiste i margadh iomaíoch é deimhniú. Tá sé doiligh le gnóthú ach is fiú go mór é".*

*"D'fhéadfainn cúpla leathanach a líonadh le fáthanna ar cheart do dhuine tabhairt faoin gcúrsa seo. Cé nach raibh ach oideachas bunleibhéil agam roimh an gcúrsa, is Ríomhchláraitheoir Java deimhnithe mé anois. Is cuma cé na scileanna ríomhchláraithe a mheasann tú a bheith agat, ba cheart duit an cúrsa seo a dhéanamh. Tá sé dea-struchtúrtha agus an-solúbtha le go n-oireann sé do sceidil ghnóthacha agus tá sé á theagasc ag múinteoirí den chéad scoth".*

## An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF)

Clár atá á chistiú ag an gCoimisiún Eorpach is ea an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF), a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú leis na Ballstáit den Aontas Eorpach tacaí gníomhachtaíthe margadh saothair a chur ar fáil do na saoránaigh sin a fágadh iomarcach iad de bharr thionchar an domhandaithe.


## An tAonad um Chomhordú EGF i SOLAS

Sa bhliain 2016, chuir an tAonad um Chomhordú EGF i SOLAS raon cuimsitheach seirbhísí ar fáil a thacaigh le breis agus seacht gcéad oibrí iomarcach ar fud na tíre. Bhí na cláir ar siúl ar a seal i gcuideachta seodra Andersen i Ráth Caola, Co. Luimnigh, in Lufthansa Airmotive Technik (LTAI) agus in Pratt and Whitney, ar cuideachtaí eitlíochta i mBaile Átha Cliath Thiar iad. Ag an am céanna, chuir foireann EGF i SOLAS idirghabhálacha speisialaithe ar fáil i Ráth Caola, Co. Luimnigh, chun tacú le 130 duine idir 18 mbliana d'aois agus 25 bliana d'aois nach bhfuil i mbun Fostaíochta, Oideachais nó Oiliúna (NEETanna). Mar an gcéanna, chuir sí na hidirghabhálacha sin ar fáil do níos mó ná 300 cliant ar NEETanna iad.

## CÁS-STAIDÉAR

*"Faoin uair a bhain mé daichead bliain d'aois amach, chaith mé mo shaol oibre ar fad i mbun fostaíochta le Lufthansa Airmotive mar mheicneoir innill aerárthaigh. Ní raibh mé ag súil riamh leis an rud a tharla sa bhliain 2014. Fuair níos mó ná 400 fostaí an scéala an mhaidin chinníunach sin go mbeadh ár gcuideachta ag scor d'oibríochtaí agus go ndéanfaí iomarcaíocht ar an bhfórsa saothair ar fad. Le firinne, smaoinigh mé lom láithreach ar mo shaol féin agus ar shaol mo theaghlaigh. Bhí mé suaite, inmíoch agus eaglach. Streachail mé leis an strus mór a bhain le gan post ná acmhainn a bheith agam chun mo theaghlach a chothabháil. Streachail mé freisin leis an éadóchas agus le mo shaol nua. A luaithe a bhí mé i m'iomarcach, mhéadaigh na brúnna sin faoi dheich de réir mar a thuig mé an réaltacht. Mhóthaigh mé go raibh mé scoite agus laghdaigh an fhéinmhuinín agus an féinmheas a bhíodh agam. Ní raibh mé ag iarraidh an t-am ar fad ach mo theaghlach a chosaint.*

*I mí Mheán Fómhair 2014, fuair mé litir inar tugadh cuireadh dom freastal ar imeacht faisnéise faoi EGF in Ionad Oiliúna Thamhlachta. Níorbh eol dom é um an dtaca sin ach ba é an cuireadh sin an deis a theastaigh uaim. Tar éis dom freastal ar lá oscailte EGF, ba go tobann a bhí roghanna agam. Ní raibh na roghanna sin ann roimhe sin agus thóg mé iad go díograiseach. Mhínigh foireann EGF na roghanna éagsúla a bhí ar fáil dom agus na tacaí sonracha a chuirfeadh sí ar fáil. Rud a chabhraigh liom go mór mo shaol a athrú ba ea an deis a fháil dul i dteagmháil le duine gach lá nó gach uair, dá mba ghá, chun mo smaointe a phlé. Leis na seirbhísí tacaíochta gairme, bhí mo chóitseálaí agus mo mheantóir féin agam. Chabhraigh an caidreamh sin go mór liom féinmhuinín a thógáil an athuair.*



Idir 2015 agus 2016, bhain mé leas as deontais oiliúna EGF chun tabhairt faoi oiliúint agus deimhniú mar Theicneoir Diagnóiseach atá deimhnithe ag Bosch. Ar na modúil iontrála a chur i gcrích dom, chuaigh mé ar aghaidh chuig an gclár máistirtheicneora i mí Dheireadh Fómhair 2016. Anois i mí Eanáir 2017, tá mo ghnó féin agam, fostaím beirt agus, rud ba thábhachtaí fós, is san am atá caite atá an mothú eagla, scoiteachta agus éiginnteachta a bhí agam sa bhliain 2014. Is iad an mhuinín agus an féinmheas atá agam anois agus an iomad scileanna nua a ghnóthaigh mé ó EGF a chuir ar mo chumas an méid sin a dhéanamh.

Go bunúsach, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le EGF agus le foireann EGF i SOLAS as an tacaíocht chuimsitheach a thug siad dom mín agus garbh".

## An Rannóg um Sheirbhís Printíseachta agus Tógála

### Printíseachtaí Ceardaíochta

Faoi Acht Oiliúna Tionscail, 1967, agus faoi Acht um Áiseanna Saothair, 1987, tá freagracht reachtúil ar SOLAS as printíseachtaí sainithe a chomhordú agus a rialú do raon printíseachtaí éagsúla. Is é is printíseacht ceardaíochta ann ná córas modúlach atá bunaithe ar chaighdeán agus a chuimsíonn, i bhformhór na gcásanna, seacht gcéim oiliúna agus forbartha ar an láthair agus as an láthair. Ar gach ceann de na seacht gcéim de phrintíseacht ceithre bliana a chur i gcrích go rathúil, faigheann printísigh Sainleas Ceardaíochta QQI (Mórdhámhachtain Leibhéal a sé). Is ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta araon a aithnítear seasamh agus luach an teastais sin. Ba ar 1,220 printíseach san iomlán a bronnadh Sainleas Ceardaíochta sa bhliain 2016.

Rinne na Boird Oideachais agus Oiliúna, na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus Scoil Crúdaíochta na hÉireann áiteanna oiliúna as an láthair a chur ar fáil do 6,043 phrintíseach ceardaíochta sa bhliain 2016. Ag an am céanna, chláraigh SOLAS 3,742 phrintíseach ceardaíochta le linn na bliana 2016. B'ionann an figiúr sin agus méadú 19% ar an líon daoine a bhí cláraithe sa bhliain 2015. Is láidir go fóill atá an t-ionchas maidir leis an líon daoine a bheidh cláraithe do phrintíseacht ceardaíochta amach anseo agus tá sé tuartha go leanfaidh an líon daoine atá cláraithe do phrintíseachtaí atá bunaithe ar cheardaíocht de bheith ag méadú de réir a chéile thar an gcéad trí bliana eile. Tá an líon printíseach a bhí cláraithe sa bhliain 2016 le feiceáil i dTábla 1.

**Tábla 1: An Líon Printíseach a bhí Cláraithe do Chúrsa sa Bhliain 2016, leagtha amach de réir Printíseacht Ceardaíochta**

Printíseacht Ceardaíochta	An Líon Printíseach a bhí Cláraithe sa Bhliain
An Mheicnic Talmhaíochta	43
An Mheicnic Aerárthaí	39
An Leagan Brící agus Cloch	52
An Chearpantóireacht agus an tSiúinéireacht	399
An Feistiú Gléasra Tógála	59
Cúrsaí Leictreacha	1343
An Ionstraimíocht Leictreonach	106
Córais Leictreonacha Slándála	28
An Chrúdaíocht	5
An Tíliú Urlár agus Ballaí	0
An Mheicnic Feithiclí Troma	136
An tInsiú Tionsclaíoch	10
An Ionstraimíocht	10
An tUathobriú Meicniúil agus an Feistiú Cothabhála	163
An tOibriú Miotail	186
An Mhótarmheicnic	420
An Phéinteáil agus an Maisiúchán	27
An Feistiú Píobán	33
An Phlástráil	18
An Phluiméireacht	345
Na Meáin Chlóite	4
An Cuisniúchán agus an tAerchóiriúchán	79
An Mhiotalóireacht Leatháin	40
An Gearradh Cloch agus an tSaoirseacht Cloch	2
An Uirliseoireacht	66
An Deisiúchán Creatlacha Feithicle	58
An Déantúsaíocht Adhmaid agus an Bailchríochnú Adhmaid	71
<b>Cothromas</b>	<b>3,742</b>

Trína hAonad Taighde Scileanna agus Margadh Saothair agus trína Aonad Seirbhísí Printíseachta, déanann SOLAS meastóireachtaí rialta ar an éagothroime atá ann i soláthar agus éileamh scileanna san áit oibre, lena n-áirítear gairmeacha printíseachta ceardaíochta, agus soláthraíonn sí réamhaisnéisí cúig bliana i dtaca le riachtanais phrintíseachta.

Léirítear sa phatrún foriomlán i gcláruithe printíseachta ceardaíochta ón mbliain 2009 i leith réamhaisnéisí ionchais an Aonaid Taighde Scileanna agus Margadh Saothar agus an Aonaid Seirbhísí Printíseachta i SOLAS. Tá treochtaí i gcláruithe printíseachta ceardaíochta le feiceáil i dTábla 2 thíos. Léirítear iontu na forbairtí atá ar siúl i ngeilleagar na hÉireann.

**Tábla 2: An Líon Daoine a bhí Cláraithe do Chúrsaí Printíseachta: 2009- 2016**

Bliain	An Líon a bhí Cláraithe
2009	1,535
2010	1,204
2011	1,307
2012	1,434
2013	1,929
2014	2,698
2015	3,153
2016	3,742

### Iarratais ar Aitheantas Réamhfhoghlama Printíseachta Ceardaíochta agus ar Achomhairc

Le hAitheantas Réamhfhoghlama, tugtar do phrintísigh saoráid trínar féidir leo fianaise infhíoraithe ar an taithí ceardaíochta atá acu a chur i láthair chun iad a chumasú na ceanglais deimhnithe a chomhlíonadh nó iarratas a dhéanamh ar dhíolúintí ón gclár. Sa bhliain 2016, cheadaigh an Fo-Choiste um Chreidiúnú Printíseach lomarcach de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Printíseacht 24 iarratas ar Dhámhachtain an tSeanteastais Cheardaíochta. Chomh maith leis sin, phróiseáil SOLAS 143 iarratas ar dhíolúintí ón gclár.

Thug SOLAS clár aitheantais réamhfhoghlama isteach le haghaidh an Tionscail Slándála Leictreonaí chun cur ar chumas na ndaoine sin a d'oibrigh sa tionscal roimh thabhairt isteach na printíseachta i gCórais Slándála Leictreonaí sa bhliain 2007 a n-inniúlacht a bhailíochtú trí phróiseas aitheantais réamhfhoghlama.

Ina theannta sin, cabhraíonn SOLAS le ceardaithe a chuir printíseacht i gcrích le linn ré 'an ama chaite' a n-inniúlacht a bhailíochtú tríd an bpróiseas aitheantais réamhfhoghlama. Le linn na bliana 2016, cheadaigh SOLAS 113 iarratasóir ar Thaifead Gnóthachain. Cheadaigh an Coiste Chomhairleach Náisiúnta um Printíseacht 46 iarratas ó dhaoine, idir phrintísigh agus fhostóirí, ar raon cúrsaí a bhain le printíseacht.

### Áirítear iad seo leis na forbairtí Printíseachta Ceardaíochta eile a bhí ann sa tréimhse sin:

- Cur Chun Feidhme Churaclaim Leagan 4:** I gcomhpháirt le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus leis na Boird Oideachais agus Oiliúna, thug SOLAS na curaclaim athbhreithnithe leagan a ceathair isteach le haghaidh na bprintíseachtaí seo a leanas: Printíseachtaí Leictreacha, an Chearpantóireacht agus an tSiúinéireacht, an tOibriú Miotail agus an Mheicnic Feithiclí Troma.
- Forbairt Caighdeán:** I gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, rinne SOLAS cur i gcrích ar an bpróiseas um dhréachtchaighdeán cheirde a fhorbairt le haghaidh 18 gclár printíseachta ceardaíochta.
- Athbhreithniú Clár:** I gcomhpháirt leis na páirtithe cuí, thug SOLAS athbhreithniú cuimsitheach clár chun críche ar 14 chlár printíseachta ceardaíochta.
- Bailíochtú:** Chuir SOLAS 14 chlár printíseachta ceardaíochta faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) le haghaidh bailíochtú.

### Forbairtí Printíseachta Nua

Cuireann SOLAS tacaíocht rúnaíochta ar fáil don Chomhairle Printíseachta. Sa bhliain 2015, d'iarr an Chomhairle Printíseachta ar ionadaithe do SOLAS agus don Údarás um Ard-Oideachas aiseolas agus treoir a thabhairt do thogróirí rathúla maidir le pleananna forbartha tionscadail na dtogróirí le haghaidh a dtogra printíseachta.

Bhí na seisiúin faisnéise agus na teagmhálacha duine le duine leis na hionadaithe cuibhreachais ar siúl i mí na Nollag 2015. Tar éis na seisiún faisnéise, iarradh ar gach togróir rathúil a bpleananna forbartha tionscadail a chur faoi bhráid na Comhairle Printíseachta an athair lena mbreithniú deiridh ag an gComhairle. De réir mar a ceadaíodh pleananna, d'fhormhuinigh an Chomhairle Printíseachta scaoileadh an chistiúcháin forbartha, de réir prótacail chistiúcháin. Leithdháileadh é ar SOLAS lena thabhairt do na tionscadail phrintíseachta nua faoi seach.

### Tionscadail a Ceadaíodh le haghaidh Cistiú Forbartha

Rinne an Chomhairle Printíseachta ocht dtionscadal printíseachta dhéag a cheadú le haghaidh cistiú forbartha sa bhliain. Ag gníomhú di thar ceann na Comhairle, d'eisigh SOLAS Meabhrán Cistiúcháin agus doiciméid ghaolmhara chuig na grúpaí seo a leanas:

- Cleachtóir Árachais
- Innealtóir Próiseála Polaiméirí
- Comhlach Seirbhísí Idirnáisiúnta Airgeadais
- Teicneoir Déantúsaíochta
- Speisialtóir Seirbhísí Idirnáisiúnta Airgeadais
- Innealtóir Déantúsaíochta

7. Ardspeisialtóir Seirbhísí Idirnáisiúnta Airgeadais
8. Cócaire Sóisearach
9. Teicneoir Cuntasaíochta
10. Innealtóir Líonraí TFC
11. Tiománaí Feithicle Earraí Troma (HGV)
12. Forbróir Bogearraí TFC
13. Báicéir
14. Innealtóir Leictreach Tionsclaíoch
15. Gairmí Taistil agus Turasóireachta
16. Búistéir Ceardaíochta
17. Innealtóir sa Déantúsaíocht Trealamh Bhunaidh
18. Chef de Partie

## Ceadú Próifilí Gairme

Chomhaontaigh an Chomhairle Printíseachta an teimpléad agus an próiseas le haghaidh ceadú Próifilí Gairme i mí Aibreáin 2016. Áirítear na gairmeacha seo a leanas leis na próifilí gairme ar cheadaigh an Chomhairle Printíseachta iad sa bhliain 2016:

1. Cleachtóir Árachais
2. Innealtóir Leictreach Tionsclaíoch
3. Comhlach Seirbhísí Idirnáisiúnta Airgeadais
4. Speisialtóir Seirbhísí Idirnáisiúnta Airgeadais
5. Ardspeisialtóir Seirbhísí Idirnáisiúnta Airgeadais
6. Teicneoir Cuntasaíochta
7. Innealtóir sa Déantúsaíocht Trealamh Bhunaidh
8. Tiománaí Feithicle Earraí Troma (HGV)
9. Cócaire Sóisearach
10. Báicéir
11. Teicneoir Teileachumarsáide Allamuigh
12. Innealtóir Próiseála Polaiméirí
13. Teicneoir Déantúsaíochta
14. Innealtóir Déantúsaíochta
15. Innealtóir Líonraí TFC, Innealtóir Bogearraí TFC
16. Búistéir Ceardaíochta

## Orduithe Oiliúna Tionscail

Ar mhaithe le cur i bhfeidhm na bprintíseachtaí nua, ceadaithe agus bailíochtaithe a éascú, forbraíodh sé cinn nua d'Orduithe Oiliúna Tionscail tar éis dul i gcomhairle le hionadaithe d'fhostóirí, le fostaithe agus le comhlachtaí ábhartha eile. Cheadaigh Bord SOLAS na hOrduithe beartaithe Oiliúna Tionscail an 12 Iúil 2016 agus leagadh faoi bhráid an Oireachtais iad an 20 Iúil 2016. Soláthraítear leis na hOrduithe nua Oiliúna Tionscail reachtaíocht chumasúcháin faoin Acht Oiliúna Tionscail, 1967, do 11 phrintíseacht bheartaithe. Cumhdaítear leo earnálacha nár tháinig faoi ghníomhaíochtaí reachtúla printíseachta roimhe sin, mar shampla:

1. AN TORDÚ OILIÚNA TIONSAIL (AN TIONSCAL CUNTASAÍOCHTA), 2016 - I.R. UIMH. 377 DE 2016
2. AN TORDÚ OILIÚNA TIONSAIL (AN TIONSCAL BÁICÉIREACHTA), 2016 - I.R. UIMH. 378 DE 2016
3. AN TORDÚ OILIÚNA TIONSAIL (AN TIONSCAL CÓCAIREACHTA), 2016 - I.R. UIMH. 379 DE 2016
4. AN TORDÚ OILIÚNA TIONSAIL (AN TIONSCAL SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS), 2016 - I.R. UIMH. 380 DE 2016
5. AN TORDÚ OILIÚNA TIONSAIL (AN TIONSCAL EARRAÍ TROMA), 2016 - I.R. UIMH. 381 DE 2016
6. AN TORDÚ OILIÚNA TIONSAIL (AN TIONSCAL ÁRACHAIS), 2016 - I.R. UIMH. 382 DE 2016

## Cláir Nua Phrintíseachta a Bhailíochtú

Bailíoctaíodh na cláir phrintíseachta cheadaithe nua seo a leanas sa bhliain 2016:

1. Bailíoctaíodh **an Cleachtas Árachais** i mí na Bealtaine 2016 agus seoladh an clár i mí Mheán Fómhair 2016
2. Bailíoctaíodh an **Innealtóireacht Leictreach Thionsclaíoch** i mí an Mheithimh 2016 agus seoladh an clár i mí na Samhna 2016

Bailíoctaíodh an clár Cleachtas Árachais i mí na Bealtaine 2016 agus seoladh go foirmiúil é i mí Mheán Fómhair 2016. Chuaigh an chéad ghrúpa printíseach sa Chleachtas Árachais i mbun a n-oiliúna printíseachta faoi choimirce Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus a bhfostóirí faoi seach le linn na bliana. Mar an gcéanna, bailíoctaíodh an clár printíseachta san Innealtóireacht Leictreach Thionsclaíoch i mí an Mheithimh 2016 agus seoladh go hoifigiúil é in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh i mí na Samhna 2016.





## **An Clár Pas Shábháilte, an Scéim Deimhnithe Scileanna Tógála agus an Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéalaithe**

I measc na gclár a mbainistíonn an tAonad Seirbhísí Tógála i SOLAS iad, tá 21 chlár Scileanna Tógála, 14 chlár Scileanna Cairéalaithe agus an clár Pas Shábháilte. Tá na cláir sin ar fáil don tionscal tógála chun a chinntiú go bhfuil ag an tionscal na scileanna tógála, na scileanna cairéalaithe agus na hinniúlachtaí a theastaíonn uaidh chun rath a bhaint amach.

### **An Clár Pas Shábháilte**

Is ionann an Clár Pas Shábháilte agus clár oiliúna aon lae i bhfeasacht sláinte agus sábháilteachta atá dírithe go príomha ar oibrithe san earnáil foirgníochta, iontrálaithe nua san earnáil ina measc. Cuimsítear an clár Pas Shábháilte faoi fhorálacha Sceideal 4 a ghabhann leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013.

### **An Scéim Deimhnithe Scileanna Tógála**

Faoi Scéim Deimhnithe Scileanna Tógála (CSCS), déantar soláthar d'oibrithe laistigh den earnáil tógála nach oibrithe ceardaíochta iad a oiliúint, a mheasúnú, a dheimhniú agus a chlárú. Cuimsítear an Scéim faoi fhorálacha Sceideal 5 a ghabhann leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013.

Tá sé mar aidhm le gach clár seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil do chustaiméirí, rud a chinntíonn go gcuirtear fostaithe, fostaithe féideartha agus fostóirí san áireamh le linn gach gné de sholáthar na scéimeanna. Ar oiliúint agus measúnú CSCS/QSCS a chríochnú, eisítear deimhniú QQI agus cárta clárúcháin SOLAS chuig rannpháirtithe.

### **An Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéalaithe**

Faoi Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéalaithe (QSCS), déantar soláthar d'oibrithe laistigh den earnáil cairéalaithe nach oibrithe ceardaíochta iad a oiliúint, a mheasúnú, a dheimhniú agus a chlárú. Cuimsítear an Scéim faoi fhorálacha Sceideal 1 a ghabhann leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéalú), 2008.

Tá sé mar aidhm le gach clár seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil do chustaiméirí, rud a chinntíonn go gcuirtear fostaithe, fostaithe féideartha agus fostóirí san áireamh le linn gach gné de sholáthar na scéimeanna. Ar oiliúint agus measúnú CSCS/QSCS a chríochnú, eisítear deimhniú QQI agus cárta clárúcháin SOLAS chuig rannpháirtithe.

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhéachtaí ina leith le linn na bliana 2016:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar an mBunchlár Scafalra agus ar an Ardchlár Scafalra agus ar an gclár Túr Móibíleach
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas athnuachana cártaí CSCS/QSCS, rud a chinntíonn cóir chomhionann do gach sealbhóir cárta
3. Córas nua sceidealaithe atá cothrom agus trédhearcach a thabhairt isteach le haghaidh faireachán a dhéanamh ar Eagraíochtaí Oiliúna Ceadaithe CSCS/QSCS agus ar theagascóirí ceadaithe CSCS/QSCS
4. 89,167 gcárta Pas Shábháilte a ullmhú agus a dháileadh
5. 17,506 chárta CSCS/QSCS a ullmhú agus a scaipeadh
6. An t-am a thógtar chun cártaí cláir a scaipeadh a laghdú ó 3 mhí go 10 lá
7. Táillí clárúcháin a thabhairt isteach d'Eagraíochtaí Oiliúna Ceadaithe agus do theagascóirí ceadaithe
8. An seachtú leagan den chlár Pas Shábháilte a chur chun feidhme go rathúil
9. Clár comhchuibhithe a chomhaontú le Construction Industry Training Board (CITB) UK
10. Próiseas bailíochtaithe cártaí a thabhairt isteach don tionscal tógála chun comhlíonadh ceanglas reachtach a chinntiú

# Acmhainní

## Tacaíocht Eagrúcháin

Oibríonn an Rannán Acmhainní i SOLAS thar thrí rannóg, is iad sin:

- An Rannóg Airgeadais, a chuimsíonn Cistiú Breisoideachais agus Oiliúna, íocaíochtaí foirne, Cuntasaíocht Bhainistíochta/an Rannóg Cuntasaíochta, Maoiniú ó AE, an Mórleabhar Ginearálta/Cuntais Reachtúla, soláthar, agus Tacaíocht SAP
- An Rannóg TFC, a dhéanann bainistiú ar gach feidhm inmheánach TFC, lena n-áirítear córais shaincheaptha inmheánacha a fhorbairt agus tacaí leanúnacha a chur ar fáil do na Boird Oideachais agus Oiliúna agus don Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Rannóg um Fhorbairt agus Tacaíocht Eagrúcháin, a chuimsíonn Acmhainní Daonna agus Caidreamh Foirne, Seirbhísí DLí agus Iniúcháireachta, Bainistíocht Riosca agus Taifead, Seirbhísí Saoráidí agus an Córas Tacaíochta Clár agus Foghlaimoírí.

Croíghné den eagraíocht is ea an Rannán Acmhainní i SOLAS, rud a chumasaíonn don eagraíocht a plean corparáideach agus a cuid ceangaltas faoin Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna a chomhlíonadh. Tugann an Rannán tacaíocht do na Boird Oideachais agus Oiliúna agus don mhórearnáil breisoideachais agus oiliúna ag an am céanna.

Faoi phlean tacaí trasdula atá i bhfeidhm ag SOLAS – rud a raibh sé mar aidhm leis an líonra ionad oiliúna a bhí faoi stiúir ag FÁS roimhe seo, agus soláthar gaolmhar agus foireann ghaolmhar, a ionchorprú isteach i líonra na mBord Oideachais agus Oiliúna – lean an rannán ar aghaidh le cúnamh leanúnach a chur ar fáil i leith raon gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áiríodh an párolla oiliúnaithe agus printíseach.

## An tAonad um Fhorbairt agus

### Tacaíocht Eagrúcháin

Sa bhliain 2016, lean an t-aonad ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don lucht bainistíochta agus don fhoireann chun inniúlacht SOLAS a mhéadú, chun a creat agus a meicníochtaí rialachais corparáidigh a neartú agus chun seirbhísí saoráidí a sholáthar.

### An tAonad um Chaidreamh Foirne agus Acmhainní Daonna

Déanann an tAonad um Chaidreamh Foirne agus Acmhainní Daonna bainistiú ar Acmhainní Daonna agus Riarachán Pinsean agus ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Sa bhliain 2016, lean an t-aonad ar aghaidh le bainistiú a dhéanamh ar bheartais forbartha foirne agus ar chúrsaí caidreamh foirne agus le cúnamh a thabhairt do SOLAS a cuid cuspóirí corparáideacha a bhaint amach trí phleanáil an fhórsa saothair.

### An tAonad um Sheirbhísí Saoráidí

Ar fud na bliana 2016, chuir an tAonad um Sheirbhísí Saoráidí seirbhísí tacaíochta ar fáil ar fud na heagraíochta. Áiríodh leo sin freastal ar riachtanais maidir le clódóireacht inmheánach, clódóireacht bhainistithe, seirbhísí poist agus teileafóin, lónadóireacht, glantachán, seomraí cruinnithe agus saoráidí closamhairc. Tá freagracht ar an aonad freisin as a chinntiú go gcomhlíonann nó go sáraíonn SOLAS na freagrachtaí reachtúla atá uirthi faoin reachtaíocht um an gComhshaol agus Sláinte agus Sábháilteacht.

### An tAonad um Sheirbhísí DLí agus Iniúcháireachta

Sa bhliain 2016, chuir an tAonad um Sheirbhísí DLí agus Iniúcháireachta raon seirbhísí dlí ar fáil. Áiríodh leis na seirbhísí sin bainistiú a dhéanamh ar chaingne, comhairle dlí a chur ar fáil, an reachtaíocht um chosaint sonraí a chomhlíonadh, polasaithe árachais a bhainistiú, déileáil le gearáin, agus deimhnithe taithí a phróiseáil. Chomh maith leis sin, chuir sé raon seirbhísí tacaíochta ar fáil a bhain le hiniúcháireacht agus le rialachas. Áiríodh leis na seirbhísí sin an plean bliantúil iniúcháireachta rioscabhunaithe a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú; seirbhísí Cheann na hIniúcháireachta Inmheánaí a chomhlíonadh; ceanglais thábhachtacha rialachais corparáidigh a bhainistiú i dtaca le cuntais bhliantúla SOLAS; agus dul i mbun plé leis an gCoiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca i SOLAS.

## An Córas Tacaíochta Clár agus Foghlaimoirí

Comhthionscnamh idir SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna is ea an Córas Tacaíochta Clár agus Foghlaimoirí. Tugadh an córas isteach sa dara leath den bhliain 2013. Is é an cuspóir atá leis forbairt a dhéanamh ar chóras teicneolaíochta faisnéise ina bhfuil trí bhunachar sonraí lena soláthraítear cur chuige comhtháite i leith sonraí tábhachtacha a bhailiú faoi aschur, faoi thorthaí agus faoi fheidhmíocht clár breisoideachais agus oiliúna.

Tá trí bhunachar sonraí aontaithe ann sa Chóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimoirí. Éilíonn siad méideanna difriúla malartú sonraí agus comhroinnt sonraí idir comhlachtaí poiblí éagsúla, lena n-áirítear SOLAS, Boird Oideachais agus Oiliúna, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus na Coimisinéirí Ioncaim. Tá an Bunachar Sonraí Náisiúnta Clár agus an Féilire Náisiúnta Cúrsaí i mbun oibre ó mhí Dheireadh Fómhair 2016 i leith laistigh de chlár bhreisoideachais agus oiliúna a gcistíonn SOLAS iad.

Ag deireadh na bliana 2016, foilsíodh 910 gclár náisiúnta (a chuimsigh 2,025 mhodúl) ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta Clár. Clúdaíodh leis na clár sin na dámhachtainí éagsúla a bhí ar fáil trí sholáthar breisoideachais agus oiliúna, lena n-áiríodh Dámhachtainí Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann, Cumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe, Institiúid Teicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann, CITAC, City and Guilds, CompTIA, Cumann Ríomhaireachta na hÉireann (ICS), ITEC, Microsoft, Oracle agus Pearson. Ag deireadh na bliana 2016, sceidealaigh na Boird Oideachais agus Oiliúna 28,167 gcúrsa (12,219 gcúrsa sa bhliain 2017) tríd an gCóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimoirí, rud a chruthaigh acmhainn iomlán foghlaimoirí de 174,387 nduine sa bhliain 2017. Is figiúr é sin a bhíonn ag ardú.

Ó mhí Lúnasa 2016 i leith, bhí 155,849 n-úsáideoir ag fetchcourses.ie, an tsaoráid chuardaigh a bhí dírithe ar an bpobal. Úsáideadh 303,623 sheisiún agus gineadh 2.989 milliún amharc ar leathanaigh. De bhreis air sin, forbraíodh giuirléid chun tacú le prionsabal na hiontrála aonphointe lena n-éascaítear inneachar fetchcourses.ie lena úsáid ar na suíomhanna Gréasáin, na bróisiúir agus na hábhair eile mhargaíochta de chuid na soláthraithe, agus faisnéis fíor-ama á cur ar fáil. Leis sin, féadann tairseacha náisiúnta cúrsaí atá ar fáil a thaispeáint i bhfíor-ama, mar shampla, an Tairseach Gairmeacha agus Seirbhísí Intreo de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Cuireadh an treoirlchlár le haghaidh an Bhunachair Shonraí Foghlaimoirí i gcrích i mí an Mheithimh 2016. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm náisiúnta an bhunachair shonraí i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tá sé ar fáil lena úsáid sa chuid is mó den soláthar breisoideachais agus oiliúna a gcistíonn SOLAS é. Ag deireadh na bliana 2016, bhí 37,117 bhfoghlaimeoir cláraithe sa chóras.



# Cumarsáid agus Rúnaíocht

Tá oibleagáid reachtúil ar SOLAS faoi at 7(1)(b) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, cur chun cinn a dhéanamh ar a thábhachtaí atá breisoideachas agus oiliúint. Tá freagrachtaí uirthi freisin faoi Sprioc 5 den Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 as seasamh an bhreisoideachais agus na hoiliúna a chur ar aghaidh.

De bhreis ar dhul i gceannas ar Straitéis Cumarsáide agus Brandála SOLAS, chuir an fhoireann Cumarsáide tús sa bhliain 2016 le clár gníomhaíochtaí arb é is aidhm dó seasamh an bhreisoideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn le geallsealbhoirí tábhachtacha.

Reachtáladh dhá imeacht le comhpháirtithe fiontraíochta. Cruinniú céadphroinne le Joe Schmidt, cóitseálaí fhoireann rugbaí na hÉireann, ba ea an chéad cheann díobh. Ba é 'Na Scileanna Cearta d'Fhoireann Rathúil' téama an chruinnithe. Tugadh deis leis an gcrúinniú a thaispeáint cé na buntáistí don saol gnó is féidir a bhaint as na scileanna a ghnóthaítear trí bhreisoideachas agus oiliúint. Chomh maith leis sin, rinne SOLAS óstáil ar chaint an-rathúil TEDx i Sionainn, Co. an Chláir, i mí na Nollag 2016. D'oibrigh SOLAS i ndlúthchomhar le Atlantic Aviation, le hIonad Oiliúna Shionainne agus le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chláir chun an t-imeacht sin a thabhairt chuig Sionainn. Chuaigh ochtar cainteoirí ar an ardán chun a léirmhíniú féin ar an téama 'Nearth Bealaí chun Ratha - Breisoideachas agus Oiliúint a Athshamhlú' a phlé. Spreag siad comhrá ar an téama sin i measc lucht féachana a chuimsigh fostóirí agus soláthraithe oideachais.

Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, 2016, rinne SOLAS óstáil ar imeacht chun ról na mban i mBreisoideachas agus Oiliúint a cheiliúradh. Ba é an teachtaireacht go bhféadann an t-oideachas mná a chumhachtú agus cothromaíocht inscne a chur ar aghaidh. Ba í Anne-Louise Gilligan, comhbhunaitheoir An Cosán, an spreagchainteoir. Is é An Cosán an eagraíocht oideachas pobail is mó in Éirinn.

Mar gheall ar a rathúla a bhí na himeachtaí agus na cruinnithe faisnéise sin, tá sé beartaithe imeachtaí den chineál céanna a óstáil sa bhliain 2017. Seoladh feachtas digiteach don rCholáiste, ardán foghlama ar líne SOLAS, i mí an Mhárta 2017 chun foghlaim sholúbtha a chur chun cinn do dhaoine atá i mbun fostaíochta, ar athrú ar Bhreisoideachas agus Oiliúint é tar éis an chúlaithe eacnamaíochta. Ba as feachtais spriocdhírithe ar LinkedIn agus ar Twitter, agus as gné-ailt in The Sunday Business Post, a d'eascair méadú ar an líon ceisteanna agus cuairteanna ar [ecollege.ie](http://ecollege.ie). Ba é cuspóir an fheachtais ná feachtas ar chúrsaí rCholáiste a mhéadú i measc daoine i mbun fostaíochta ar mian leo tuilleadh scileanna a ghnóthú.

Sheol Richard Bruton TD, an tAire Oideachais agus Scileanna, [fetchcourses.ie](http://fetchcourses.ie) i mí Lúnasa 2016. Is é an suíomh Gréasáin sin an mol cúrsaí breisoideachais agus oiliúna. Rinneadh feachtas il-ardán ar an raidió, ar Facebook, ar Twitter agus sna meáin a chur i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta chun breis agus 4,000 cúrsa breisoideachais agus oiliúna a bhí ar fáil ar fud na tíre a chur chun cinn. Seoladh cor poist ar líne trí ríomhphost chuig gach ball d'Institiúid na dTreoirchomhairleoirí. Chomh maith leis sin, dáileadh ábhar clóite amhail cora poist agus póstaeir ar oifigí na Roinne Coimirce Sóisialaí agus ar oifigí Intreo timpeall na tíre. Ba as an ngníomhaíocht sin a tháinig méadú suntasach ar an líon cuairteanna ar [fetchcourses.ie](http://fetchcourses.ie).

Cuid lárnach de Bhreisoideachas agus Oiliúint iad printíseachtaí. Is tosaíocht de chuid an rialtais é an líon daoine atá cláraithe a mhéadú go níos mó ná 30,000 duine faoin mbliain 2020. Ós rud é go bhfuil an raon clár printíseachta ag méadú, comhaontaíodh go gcruthófaí féiniúlacht bhranda nua le haghaidh printíseachta. Forbraíodh suíomh Gréasáin printíseachta nua, a chuimsigh an branda nua, sa bhliain 2016 lena sheoladh go luath sa bhliain 2017. Cuirfear faisnéis ar fáil ar an suíomh Gréasáin apprenticeship.ie do dhaoine aonair ar spéis leo a bheith ina bprintíseach agus d'fhostóirí atá ag smaoineamh ar phrintíseach a earcú. Cuirfear faisnéis ar fáil do phrintísigh reatha ar an suíomh freisin. I dteannta feachtas cumarsáide do phrintíseachtaí atá á fhorbairt faoi láthair, cuirfear i bhfeidhm é sa bhliain 2017.

Den chéad uair riamh, thug SOLAS tacaíocht sa bhliain 2016 d'fheachtas náisiúnta na Seachtaine Feasachta Coláiste agus d'fheachtas Eorpach na Seachtaine Gairmoideachais agus Oiliúna. Ghlac sí páirt sa dá fheachtas sin freisin. Ba é cuspóir na bhfeachtas sin ilchineálacht an bhreisoideachais agus na hoiliúna a thaispeáint do dhaltai iar-bhunscoile. Cuireadh níos mó ná 45 imeacht breisoideachais agus oiliúna ar siúl timpeall na tíre le linn sheachtain na bhfeachtas. Níorbh fhéidir déanamh amhlaidh in éagmais rannpháirtíocht SOLAS.

# Rialachas Corparáideach

The background of the page is a solid light green color. Overlaid on this are several large, overlapping circles and thick, curved bands in various shades of green and yellow. These elements create a dynamic, organic pattern that fills the lower two-thirds of the page.

# Sainordú Reachtach

Cuireadh SOLAS (an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) – an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna – ar bun an 27 Deireadh Fómhair 2013 faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, sainmhínítear gurb iad seo a leanas na feidhmeanna ginearálta atá ag SOLAS:

- (a) straitéis i leith soláthar breisoideachais agus oiliúna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna;
- (b) meas ar luach an bhreisoideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn;
- (c) dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le fostóirí ó am go ham chun a chinneadh cé na cláir bhreisoideachais agus oiliúna, nó cé na haicmí clár den sórt sin, ba chóir a bheith ina n-ábhar airleacain ag an tSeirbhís;
- (d) airgead a airleacan do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do chomhlachtaí eile atá ag gabháil do sholáthar clár breisoideachais agus oiliúna;
- (e) oiliúint agus athoiliúint le haghaidh fostaíochta a sholáthar, nó socrú a dhéanamh maidir lena soláthar, agus cúnamh a thabhairt do dhaoine eile seachas an tSeirbhís ó thaobh oiliúint den sórt sin a sholáthar, agus comhordú a dhéanamh ar an soláthar sin;
- (f) measúnú a dhéanamh i dtaobh an ndéanann nó nach ndéanann Boird Oideachais agus Oiliúna, agus comhlachtaí eile atá ag gabháil do sholáthar clár breisoideachais agus oiliúna, ar airleacadh airgead dóibh, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúil;
- (g) suíomh daoine a bhaineann le cibé aicme nó aicmí duine a shonróidh an tAire Coimirce Sóisialaí tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, i gcláir bhreisoideachais agus oiliúna a mhaoineítear, go hiomlán nó go páirteach, as airgead poiblí a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú;
- (h) comhoibriú a chur chun cinn idir Boird Oideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile a mbíonn baint acu le cláir bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar;
- (i) comhionannas deiseanna a chur chun cinn i ndáil le breisoideachas agus oiliúint a sholáthar;
- (j) cláir bhreisoideachais agus oiliúna nua agus láithreacha a fhorbairt, agus forbairt den sórt sin a éascú, lena n-áirítear córais a bhunú atá ceaptha chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna lena mbaineann, chun a chinntiú go bhfreastalaíonn na cláir sin dá gcuspóir;

- (k) oiliúint a sholáthar, agus cúnamh a thabhairt chun oiliúint a sholáthar, do dhaoine a bhfuil sé curtha de chúram orthu cláir bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar, is cláir a bhfuil airgead airleactha ina leith ag an tSeirbhís faoi alt 21;
- (l) taighde a sheoladh, nó socrú a dhéanamh chun taighde a sheoladh, maidir le haon nithe a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse, agus
- (m) comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le haon ní a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse.

Cuireann SOLAS cúnamh leanúnach ar fáil do na Boird Oideachais agus Oiliúna maidir le raon tacaí trasdula agus tacaí eile. Leanann SOLAS ar aghaidh le tacaí TF a chur ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí, socrú a tháinig as na hiar-Oifigí Seirbhísí Fostaíochta de chuid FÁS agus as an bhfoireann ghaolmhar dá chuid a aistriú chuig an Roinn sin sa bhliain 2012.

I dteannta na gcroífeidhmeanna atá aici, mar atá sainithe faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, tá freagracht ar SOLAS as cláir Phrintíseachta agus as cláir a bhaineann leis an tógáil, i.e., Pas Sábháilte, an Scéim Deimhnithe Scileanna Tógála (CSCS), an Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéalaithe (QSCS), an rCholáiste, Clár MOMENTUM agus Clár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú.

## An Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tháinig an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2016. Ghlac sé áit an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009. Ghlac SOLAS an Cód agus chuir sí próisis i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoífeadh gach gné d'oibríochtaí SOLAS le ceanglais an Chóid.

## Sláinte agus Sábháilteacht Chorporáideach

Cloíonn SOLAS leis na freagrachtaí reachtúla a leagadh uirthi san Acht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005, agus i ngach rialachán arna ndéanamh faoin Acht sin. Is é an cuspóir atá ag SOLAS timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil do gach ball foirne agus do gach cliant agus na freagrachtaí atá uirthi i leith daoine eile a chomhlíonadh, lena n-áirítear daoine den phobal a bhféadfadh oibríochtaí SOLAS dul i bhfeidhm orthu. Déanann lucht bainistíochta SOLAS comhlíonadh a Ráitis maidir le Beartas Sábháilteachta a chomhordú agus a chinntiú trí Chóras Bainistíochta Sábháilteachta a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta.

## Riosca

Trína Beartas um Bainistíocht Riosca, tá SOLAS tiomanta do chreat atá comhtháiteach, éifeachtach agus éifeachtúil a chur chun feidhme le haghaidh riosca a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Is leis an mBeartas sin freisin a thugtar cur chuige réamhghníomhach struchtúrtha maidir leis na rioscaí a mbíonn an eagraíocht ag dul i ngleic leo a shainathint, a bhainistiú agus a thuairisciú. Is é Bord SOLAS atá freagrach ar deireadh thiar as bainistíocht riosca de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tharmlig an Bord údarás don Choiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca maidir le maoirseacht agus dearbhú leanúnach a dhéanamh ar an gCreat agus Próiseas Bainistíochta Riosca. Taifeadtar rioscaí suntasacha sainaitheanta don eagraíocht i gClár Riosca Chorporáidigh SOLAS. Mar chuid den Phróiseas Bainistíochta Riosca, déanann an Coiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca athbhreithniú ar an gClár Riosca Chorporáidigh ceithre huaire sa bhliain. Cuirtear é faoi bhráid an Bhoird lena athbhreithniú dhá uair sa bhliain freisin.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is é is aidhm do na hAchtanna um Chosaint Sonraí príobháideacht sonraí pearsanta daoine aonair a chosaint. Foráiltear leis na hAchtanna go bhféadfaidh daoine aonair cóip a fháil de na sonraí pearsanta uile a bhaineann leo agus atá i seilbh an Rialaitheora Sonraí. Is Rialaitheoir Sonraí ainmnithe í SOLAS agus cloíonn sí go hiomlán leis an reachtaíocht.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Dhéileáil SOLAS le ní amháin faoi Nochtadh Cosanta sa bhliain 2016. Tarraingíodh an nochtadh anuas den chéad uair go mall sa bhliain 2015 agus imscrúdaíodh é go hiomlán sa bhliain 2016. Mar thoradh ar an imscrúdú, tionscnaíodh roinnt athruithe ar chlár de chuid SOLAS.

## Ráitis maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus le Beartas Comhshaoil

I mí an Mheithimh 2001, d'eisigh an rialtas Meabhrán lenar ceanglaíodh ar gach Gníomhaireacht Stáit forbhreathnú a thabhairt, sa Tuarascáil Bhliantúil uathu, ar na bearta atá á ndéanamh acu chun úsáid fuinnimh a laghdú, i gcásanna ina bhfuil siad freagrach as áitreabh nua nó as athchóiriú mór a dhéanamh ar fhoirgnimh agus/nó as foirgnimh atá á n-áitiú acu. Faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 542 'Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochnúsaíde Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009', tá oibleagáidí sonracha tuairiscithe fuinnimh ar an earnáil fuinnimh.

Tá SOLAS tiomanta do chur le coigilt infhíoraithe éifeachtúlacht fuinnimh 33% a bhaint amach san Earnáil Phoiblí faoin mbliain 2020 ar aon dul leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009-2020. I gcomhpháirt le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), déanann SOLAS tuairisciú agus faireachán gníomhach ar a úsáid fuinnimh agus cuireann sí straitéisí agus gníomhartha i bhfeidhm atá dírithe ar choigiltí spriocdhíritha a bhaint amach agus, nuair is féidir, iad a sháru. De bhreis air sin, rinne SOLAS cur chun feidhme ar thionscadail arb é is aidhm dóibh úsáid fuinnimh a laghdú. Áirítear leo Seirbhís Clódóireachta Bainistithe atá tíosach ar fhuinneamh a thabhairt isteach ar mhaithe le coigiltí suntasacha fuinnimh a bhaint amach. Aithníonn SOLAS an dualgas atá uirthi a chinntiú go bhfuil an tionchar is ísle is féidir ar an timpeallacht áitiúil agus ar an mórtimpeallacht ag a cuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí. Tríd an gCóras Bainistíochta Dramhaíola agus i gcomhar leis an gConraitheoir Bainistíochta Dramhaíola, chuir SOLAS gníomhartha chun feidhme lena gcinntítear go ndéantar fuíollábhar a athchúrsáil a mhéid is féidir. Leis na gníomhartha sin, íoslaghdaítear an dramhaíl a sheoltar chuig líonadh talún. Tá SOLAS tiomanta do dhea-chleachtas a chomhlíonadh, nuair is féidir, ó thaobh cleachtais feasachta comhshaoil agus soláthair ghlais de.

Maidir le bainistíocht saoráidí a bhaineann lena húsáid fuinnimh agus le seirbhísí a dhéantar ar a cuid foirgneamh, baineann SOLAS leas as na modhanna is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus as na modhanna is fearr don chomhshaoil. Sa bhliain 2014, bhog SOLAS amach ó Chúirt Bhagóid, Baile Átha Cliath 4 (áitreabh a raibh rátáil fuinnimh foirgnimh G aige) chuig a príomháitreabh nua oifige ag Teach Chaisleán Foirbis, Baile Átha Cliath 1, rud a thug deis di éifeachtúlachtaí suntasacha fuinnimh a bhaint amach. Tá rátáil fuinnimh foirgnimh B2 ag Teach Chaisleán Foirbis faoi láthair.

I gcás fuinnimh, is ionann na tosaíochtaí don bhliain 2016 agus don bhliain 2017. Áireofar leo faireachán a dhéanamh ar chostais fuinnimh agus na costais sin a rialú, iniúchóireacht fuinnimh, béim a chur ar éifeachtúlachtaí fuinnimh agus ar choigilteas fuinnimh a bhaint amach agus trealamh á cheannach, agus Dearthadh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de a chur chun feidhme le haghaidh aon tionscadal ábhartha a thiocfaidh chun cinn.



## **An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014**

Aithníonn SOLAS go mbeidh athrú ann ar a cuid seirbhísí nuair a chuirfear dualgas dearfach nua uirthi faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Bhuaill SOLAS le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) roinnt uaireanta sa bhliain 2016 chun a chinntiú go bhfuil sé ag bainistiú a oibleagáidí dualgais phoiblí ar an mbealach is fearr is féidir.

Tá SOLAS tiomanta do bheartas comhionannas deiseanna a leanúint agus glacann sí cur chuige dearfach i leith comhionannais san eagraíocht. Déanann SOLAS forbairt agus cur chun feidhme ar bheartais agus ar chlár chuí lena bhfreastalaítear ar na riachtanais mhargadh saothair atá ag daoine atá eisiata go sóisialta. Chomh maith leis sin, cuireann sí dearcadh réamhghníomhach comhionannais ar áireamh i ngach seirbhís agus clár a dtacaíonn sí leo. Tá gach seirbhís de chuid SOLAS ar fáil go cothrom d'fhir agus do mhná agus do gach saoránach de chuid an Aontais Eorpaigh agus an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.

Is fostóir comhdheiseanna í SOLAS. Chuige sin, tá SOLAS tiomanta dá chinntiú nach bhfaighidh aon bhall foirne, ná aon duine a dhéanann iarratas ar phost le SOLAS, cóir is lú fabhar ná í sin a fhaigheann daoine eile de bharr inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, creidimh, aoise, míchumais, cine, ballraíochta den Lucht Siúil nó de bharr aon fhoras eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta.

Diríonn SOLAS go leanúnach ar chultúr agus ar dhearcadh comhionannais a fhorbairt agus a spreagadh laistigh den eagraíocht. Is é an cuspóir atá aici ina leith sin a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach ball foirne agus go dtugtar comhdheiseanna dóibh forbairt agus dul chun cinn gairme a bhaint amach. Is é atá i gceist leis sin cúrsaí comhionannais a chomhtháthú i gclár laethúla bhainistíochta feidhmíochta agus forbartha foirne ionas go mbeidh comhionannas ina ghné de chultúr na heagraíochta agus ina chroícheachtas bainistíochta – rud a spreagfaidh gach bainisteoir é agus a nglacfaidh gach ball foirne ar fud na heagraíochta é.

## **An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001**

Tháinig SOLAS faoi réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, le héifeacht ón 29 Eanáir 2015.

### **An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**

Tá feidhm ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise maidir le SOLAS. Bunaítear trí cheart reachtúla leis an Acht, is iad sin:

- An ceart atá ag gach duine chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí,
- An ceart dlíthiúil atá ag gach duine go ndéanfaí faisnéis oifigiúil maidir leis/léi a leasú nuair atá an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus
- An ceart dlíthiúil atá ag duine chun cúiseanna a fháil le breitheanna a théann i bhfeidhm air féin.

Fuair SOLAS 34 iarraidh ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2016.

### **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Sa bhliain 2015, bhí SOLAS i dteagmháil leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta maidir le Scéim Teangacha Oifigiúla a fhorbairt. Tá sí ar feitheamh dheimhniú na scéime faoi láthair. Idir an dá linn, déanfaidh SOLAS Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Airgeadais agus doiciméid ábhartha eile uaithi a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, agus í ag comhlíonadh fhorálacha ginearálta an Achta. Beidh suíomh Gréasáin SOLAS ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

### **An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Is ar Bhord SOLAS atá an fhreagracht fhoriomlán as comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, san eagraíocht. Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012, tugadh athruithe suntasacha isteach ar an gceanglas Íoca Phrais atá leagtha síos san Acht.

Tharmlig an Bord an fhreagracht sin chuig lucht bainistíochta SOLAS. Cuimsítear sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na rialuithe agus na nósanna imeachta sin a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Áirítear le córas rialaithe inmheánaigh airgeadais na heagraíochta rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta arb é is aidhm dóibh sonraisc agus conarthaí a shainiú lena n-íoc laistigh de na dátaí forordaithe íocaíochta. Ceaptar na rialuithe sin chun dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh neamh-chomhlíonadh an Achta. Is deimhin leis an mBord gur chomhlíon SOLAS forálacha an Achta sna poncanna ábhartha uile sa bhliain 2016. Íocadh suim iomlán €2,135 i leith pionós a gearradh de bharr íoc déanach.

# Ráitis Airgeadais

Don bhliain ón 1 Eanáir 2016  
go dtí an 31 Nollaig 2016

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí SOLAS

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, cuireadh an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) ar bun le héifeacht ón 27 Deireadh Fómhair 2013.

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, sainmhínítear gurb iad seo a leanas na feidhmeanna ginearálta atá ag SOLAS:

- (a) straitéis i leith soláthar breisoideachais agus oiliúna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire;
- (b) meas ar luach an bhreisoideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn;
- (c) dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le fostóirí ó am go ham chun a chinneadh cé na cláir bhreisoideachais agus oiliúna, nó cé na haicmí clár den sórt sin, ba chóir a bheith ina n-ábhar airleacain ag an tSeirbhís;
- (d) airgead a airleacan do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do chomhlachtaí eile atá ag gabháil do sholáthar clár breisoideachais agus oiliúna;
- (e) oiliúint agus athoiliúint le haghaidh fostaíochta a sholáthar, nó socrú a dhéanamh maidir lena soláthar, agus cúnamh a thabhairt do dhaoine eile seachas an tSeirbhís ó thaobh oiliúint den sórt sin a sholáthar, agus comhordú a dhéanamh ar an soláthar sin;
- (f) measúnú a dhéanamh i dtaobh an ndéanann nó nach ndéanann Boird Oideachais agus Oiliúna, agus comhlachtaí eile atá ag gabháil do sholáthar clár breisoideachais agus oiliúna, ar airleacadh airgead dóibh, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúil;
- (g) suíomh daoine a bhaineann le cibé aicme nó aicmí duine a shonróidh an tAire Coimirce Sóisialaí tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, i gcláir bhreisoideachais agus oiliúna a mhaoineítear, go hiomlán nó go páirteach, as airgead poiblí a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú;
- (h) comhoibriú a chur chun cinn idir Boird Oideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile a mbíonn baint acu le cláir bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar;
- (i) comhionannas deiseanna a chur chun cinn i ndáil le breisoideachas agus oiliúint a sholáthar;
- (j) cláir bhreisoideachais agus oiliúna nua agus láithreacha a fhorbairt, agus forbairt den sórt sin a éascú, lena n-áirítear córais a bhunú atá ceaptha chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna lena mbaineann, chun a chinntiú go bhfreastalaíonn na cláir sin dá gcuspóir;

- (k) oiliúint a sholáthar, agus cúnamh a thabhairt chun oiliúint a sholáthar, do dhaoine a bhfuil sé curtha de chúram orthu cláir bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar, is cláir a bhfuil airgead airleactha ina leith ag an tSeirbhís;
- (l) taighde a sheoladh, nó socrú a dhéanamh chun taighde a sheoladh, maidir le haon nithe a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse;
- (m) comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le haon ní a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse.

Faoi alt 31(1) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, ceanglaítear ar SOLAS cuntais bhliantúla a ullmhú, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar SOLAS na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh SOLAS ag feidhmiú; agus
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.


Tá SOLAS freagrach freisin as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, lena gcuirtear in iúl a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le mír 31(1) den Acht. Tá SOLAS freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Chloígh SOLAS leis na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici.

Cheadaigh SOLAS na ráitis airgeadais an 25 Aibreán 2017.



**Patrick Delaney**  
Cathaoirleach, SOLAS



**Paul O'Toole**  
Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin, SOLAS

Dáta: 23 Bealtaine 2017

Dáta: 23 Bealtaine 2017



# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais



## An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

#### An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais SOLAS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid, an ráiteas faoi athruithe i gcúlchistí agus sa chuntas caipitil, agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaidh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 31 den Acht agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

#### Freagrachtaí SOLAS

Tá SOLAS freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas flirinneach cóir iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

#### Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhiráiteas ábhartha ar bith, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí SOLAS, gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil SOLAS chun sainiú a dhéanamh ar aon neamhréireacht ábhartha leis

na ráitis airgeadais iniúchta nó ar aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha de réir dealraimh bunaithe ar an eolas a ghnóthaigh mé le linn an t-iniúchadh a dhéanamh nó ar aon fhaisnéis atá neamhréireach go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thagaim ar an eolas faoi aon mhiráitis ábhartha dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, breithnímid na himpleachtaí do mo thuarascáil.

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim:

- go dtugtar léargas flirinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais SOLAS amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain 2016; agus
- gur ullmhaidh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta SOLAS chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Ábhair ar a dtuairiscim trí eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó sa chás

- gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil SOLAS comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a ghnóthaigh mé le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach léirítear sa ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais gur chomhlíon SOLAS an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Nil aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus McCarthy  
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
26 Bealtaine 2017

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Rialuithe Rialachais agus Airgeadais

Thar ceann Bhord na Seirbhíse Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS), aithním an fhreagracht atá orainn as dea-rialachas a chur ar fáil agus as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil agus a fheidhmiú. Agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige, tharmlig an Bord leibhéil údaráis atá sainithe go soiléir chuig coiste feidhmiúcháin SOLAS agus chuig a foireann. Choimeád an Bord ábhair áirithe dá chinneadh féin ag an am céanna.

Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead go cuí agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil. Éilíonn an córas go ndéanfaidh bainisteoirí líne, an coiste feidhmiúcháin agus na feidhmeanna airgeadais, soláthair agus acmhainní daonna rialú dian a fheidhmiú agus go dtuairisceoidh siad aon teipeanna suntasacha rialaithe don Bhord.

## Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir; níosann imeachta foirmiúla a bhunú, trí bhíthin feidhmeanna éagsúla coiste, chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint;
- níosann imeachta a bhunú chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí;
- cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéil den eagraíocht;
- an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a ghlacadh agus cloí leis;
- an timpeallacht rialaithe a áirithiú, rud a chuimsíonn na nithe seo a leanas: Coiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (ARMRC), feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí, an tuarascáil mhíosúil ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin don Bhord agus an cur i láthair míosúil maidir le gníomhaíocht agus le torthaí airgeadais sa mhí reatha agus sa bhliain go dtí seo ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin don Bhord.

## Bainistíocht Riosca

Is é an Coiste Feidhmiúcháin um Bainistíocht Riosca i SOLAS a dhéanann na próisis bhainistíochta riosca laistigh de SOLAS a chur chun cinn agus a stiúradh. Déanann an Coiste faireachán ar na próisis sin freisin. Tá an Coiste comhdhéanta de na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin uile agus tá sé faoi chathaoirleacht ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. D'fhoill cabhrú leis na próisis sin, cheap SOLAS Stiúrthóir amháin mar Chomhordaitheoir Riosca. Tá an Comhordaitheoir Riosca freagrach as tacaíocht a thabhairt d'obair an Choiste um Bainistíocht Riosca agus as tuarascálacha a ullmhú don Choiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (ARMRC). Déanann an Bord agus ARMRC maoirseacht agus athbhreithniú neamhspleách ar a éifeachtaí atá an córas bainistíochta riosca i SOLAS.

Cuireadh próiseas foirmiúil ar bun chun rioscaí gnó a shainaithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an bpróiseas sin:

- aithint rioscaí agus cineál rioscaí;
- an dóchúlacht go dtarlódh siad;
- impleachtaí airgeadais nó impleachtaí de chineálacha eile;
- na rialuithe agus na tosca maolaitheacha;
- pleananna chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú;
- faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas agus tuairisc a thabhairt air.

## Príomhphróisis rialaithe airgeadais agus príomhnósanna imeachta maidir le rialú airgeadais

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise rialta bainistíochta, ar bheartais agus ar nósanna imeachta, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe lena ngabhann buiséad bliantúil, rud a dhéanann an Bord a athbhreithniú agus a chomhaontú. Bíonn próiseas an-mhionsonraithe pleanála gnó i gceist leis an gcóras sin;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- athbhreithniú ón mBord ar Thuarascálacha Airgeadais míosúla agus bliantúla ina léirítear gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an mbuiséad;

- nósanna imeachta bunaithe maidir le soláthar faoina gceannaítear earraí agus seirbhísí de réir ceanglais soláthair AE agus ceanglais náisiúnta soláthair;
- gach iarraidh ar thaisteal thar lear a bheith faoi réir cheadú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin;
- nósanna imeachta maidir le hinfheistíocht caipitil a rialú atá ag teacht leis na Treoirínte maidir le Tograí Caiteachais Chaipitil a Mheas agus a Bhainistiú arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí Feabhra 2005;
- Téarmaí agus Coinníollacha an chistiúcháin atá i bhfeidhm do gach Bord Oideachais agus Oiliúna, doiciméad paraiméadar ina leagtar amach an próiseas pleanála gnó, lena n-áirítear cuspóirí do gach bliain agus plean cuimsitheach seirbhíse gnó a ndéantar athbhreithniú air dhá uair sa bhliain.

### **Iníúcháireacht Inmheánach**

Tá feidhm iníúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm ag SOLAS, rud a oibríonn de réir Chreat-Chód an Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Bíonn obair na feidhme Iníúcháireachta Inmheánaí bunaithe ar phróifíl anailís riosca ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht; ar chuspóirí straitéiseacha; ar chlúdach timthriallach iniúchta; agus ar na torthaí ó iniúchtaí roimhe. Tríd is tríd, bíonn an obair sin dírithe ar réimsí lena mbaineann riosca féideartha suntasach don eagraíocht. Is é an Coiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (ARMRC) a cheadaíonn, thar ceann an Bhoird, pleananna na feidhme Iníúcháireachta Inmheánaí. Le linn na bliana 2016, eisíodh 14 Thuarascáil Iniúchta Inmheánaigh inar cumhdaíodh réimsí amhail airgeadas, rialachas, oibríochtaí agus TF.

Tagann ARMRC le chéile ar bhonn rialta leis an gCeann Iníúcháireachta Inmheánaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair na feidhme Iníúcháireachta Inmheánaí, lena n-áirítear tuarascáil a chur le chéile ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Cuireann ARMRC tuarascáil ar an ngníomhaíocht iniúchta inmheánaigh don bhliain faoi bhráid an Bhoird ar bhonn bliantúil.

Ceann de na forbairtí le linn na bliana ba ea gur éirigh SOLAS ina comhalta de Choiste Stiúrtha Aonad Iníúcháireachta Inmheánaí na mBord Oideachais agus Oiliúna. Bhí díospóireacht ann idir Aonad Iníúcháireachta Inmheánaí na mBord Oideachais agus Oiliúna agus Aonad Iníúcháireachta SOLAS maidir le faisnéis ábhartha iniúcháireachta a chomhroinnt le chéile.

### **Athbhreithniú ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Is í an obair a dhéanann na daoine seo a leanas a thugann eolas don fhaireachán agus don athbhreithniú a dhéanann an Bord ar a éifeachtaí atá an Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais:

- na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin/Bainisteoirí laistigh de SOLAS, ar a bhfuil freagracht as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil;
- Ceann na hIníúcháireachta Inmheánaí;
- ARMRC, a dhéanann maoirseacht ar obair na feidhme Iníúcháireachta Inmheánaí; agus
- na nótaí tráchta a dhéanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste sa litir a sheolann sí chuig an bhfoireann bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile uathí.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar a éifeachtaí atá an Córas Rialaithe Inmheánaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016.



**Patrick Delaney**  
Cathaoirleach, SOLAS

Dáta: 23 Bealtaine 2017

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016	2015
		€'000	€'000
<b>Ioncam</b>	2	<b>605,341</b>	<b>591,325</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais Phárolla	5	11,734	12,139
Forchostais	5	6,874	7,908
<b>Costais Oibriúcháin SOLAS</b>		<b>18,608</b>	<b>20,047</b>
Costais Sochar Scoir	5	<b>19,200</b>	<b>19,190</b>
Costais Chlár	6	<b>11,978</b>	<b>17,069</b>
Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna	7(a)	538,232	527,377
Deontais do VSCCanna*	7(b)	726	581
Deontais d'Eagraíochtaí san earnáil Breisoideachais agus Oiliúna	7(c)	7,147	5,639
<b>Iomlán na nDeontas</b>		<b>546,105</b>	<b>533,597</b>
<b>Iomlán an Chaiteachais</b>		<b>595,891</b>	<b>589,903</b>
<b>Barrachas don Bhliain</b>		<b>9,450</b>	<b>1,422</b>

*Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.*

\* Scoileanna Deonacha, Meánscoileanna agus Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha



**Patrick Delaney**  
Cathaoirleach, SOLAS



**Paul O'Toole**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS

Dáta: 23 Bealtaine 2017

Dáta: 23 Bealtaine 2017

## Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016	2015
		€'000	€'000
<b>Barrachas don Bhliain</b>		<b>9,450</b>	<b>1,422</b>
Tionchar na n-athruithe ar thoimhdí achtúireacha	13(i) (e)	(75,817)	54,510
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Shócmhainní/ (Dliteanais) Sochar Scoir		(75,817)	54,510
Coigeartú ar Chistiú larchurtha Sochar Scoir		75,817	(54,510)
<b>Iomlán an Bharrachais Aitheanta don Bhliain</b>		<b>9,450</b>	<b>1,422</b>

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.



**Patrick Delaney**  
Cathaoirleach, SOLAS

Dáta: 23 Bealtaine 2017



**Paul O'Toole**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS

Dáta: 23 Bealtaine 2017

## Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016		2015	
		Amhail an 31 Nollaig 2016		Amhail an 31 Nollaig 2015	
		€'000	€'000	€'000	€'000
<b>Sócmhainní Neamhreacha</b>					
Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	8		1,005		754
<b>Sócmhainní Reatha</b>					
Fardal	9	9		11	
Suimeanna Infhaighte	10	1,233		840	
Airgead agus Coibhéisí Airgid		10,058		4,610	
		11,300		5,461	
<b>Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin</b>					
Suimeanna Iníoctha	11	(1,660)		(3,808)	
<b>Glansócmhainní Reatha</b>			9,640		1,653
<b>Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha roimh Oibleagáidí Sochar Scoir</b>					
			10,645		2,407
Dlíteanais Sochar Scoir SOLAS	13	(758,630)		(694,502)	
Cistiú larchurtha Sochar Scoir	13	758,630	0	694,502	0
<b>Iomlán na Sócmhainní</b>			10,645		2,407
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>					
Cúlchiste Caipitil		1,005		754	
Cuntas Caipitil		168	1,173	231	985
<b>Cúlchiste Ioncaim</b>			9,472		1,422
			10,645		2,407

Is cuid dhilis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.



**Patrick Delaney**  
Cathaoirleach, SOLAS



**Paul O'Toole**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS

Dáta: 23 Bealtaine 2017

Dáta: 23 Bealtaine 2017



## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016	2015
		€'000	€'000
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
Barrachas don Bhliain		9,450	1,422
Lúide: Ús a Fuarthas		(1)	(28)
Aisiocaíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna		(1,420)	(3,338)
<b>Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid</b>			
(Méadú)/Laghdú ar Fhardal	9	2	(1)
(Méadú)/Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte	10	(393)	(209)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha	11	(2,148)	547
<b>Insreabhadh/(Eis-Sreabhadh) Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>5,490</b>	<b>(1,607)</b>
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Fáltais ó Dhiól Sócmhainní Seasta		20	0
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Cheannach	8	(586)	(484)
Deontais Chaipitil a Fuarthas	3	3,000	3,000
Deontais Chaipitil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna	7(a)	(2,477)	(2,705)
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin</b>			
Ús a Fuarthas		1	28
<b>Méadú/(Laghdú) ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid sa Bhliain</b>		<b>5,448</b>	<b>(1,768)</b>
<b>Airgead agus Coibhéisí Airgid i dtús na Bliana</b>		<b>4,610</b>	<b>6,378</b>
<b>Airgead agus Coibhéisí Airgid ag deireadh na Bliana</b>		<b>10,058</b>	<b>4,610</b>

Tá an Barrachas luaite tar éis aird a thabhairt ar Dhímheas agus ar Amúchadh an Deontais Chaipitil.

*Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.*

**Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don bhliain dar críoch  
an 31 Nollaig 2016**

	Nóta	Cúlchistí Ioncaim	Cuntas Caipitil	Cúlchistí Caipitil	Iomlán
		€'000	e€'000	€'000	€'000
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014</b>		<b>3,338</b>	<b>420</b>	<b>540</b>	<b>4,298</b>
Barrachas don Bhliain		1,422	0	0	1,422
Aisíocaíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna		(3,338)	0	0	(3,338)
Deontais Chaipitil a Fuarthas	3	0	3,000	0	3,000
Deontais Chaipitil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna		0	(2,705)	0	(2,705)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Cheannach	8	0	(484)	484	0
Aisíocaíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna		0	0	(1)	(1)
Amúchadh an Deontais Chaipitil - Dímheas	2 & 8	0	0	(269)	(269)
<b>Sochair Scoir</b>					
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Shócmhainní/ (Dlíteanais) Sochar Scoir	13(i)(e)	54,510	0	0	54,510
Coigeartú ar Chistiú larchurtha Sochar Scoir ón Stáitchiste		(54,510)	0	0	(54,510)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015</b>		<b>1,422</b>	<b>231</b>	<b>754</b>	<b>2,407</b>
Barrachas don Bhliain		9,450	0	0	9,450
Aisíocaíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna		(1,400)	(20)	0	(1,420)
Díol Sócmhainne		0	20	0	20
Deontais Chaipitil a Fuarthas	3	0	3,000	0	3,000
Deontais Chaipitil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna	7(a)	0	(2,477)	0	(2,477)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Cheannach	8	0	(586)	586	0
Amúchadh an Deontais Chaipitil - Dímheas	2 & 8	0	0	(335)	(335)
<b>Sochair Scoir</b>					
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Shócmhainní/ (Dlíteanais) Sochar Scoir	13(i)(e)	(75,817)	0	0	(75,817)
Coigeartú ar Chistiú larchurtha Sochar Scoir ón Stáitchiste		75,817	0	0	75,817
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016</b>		<b>9,472</b>	<b>168</b>	<b>1,005</b>	<b>10,645</b>

*Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.*

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac SOLAS:

### Bunú SOLAS

Bunaíodh SOLAS an 27 Deireadh Fómhair 2013 de réir an Ahta Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Sna ráitis airgeadais seo, leagtar amach torthaí SOLAS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 agus tugtar figiúirí comparáideacha don tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015.

Tá feidhmeanna SOLAS leagtha amach in ailt 7 go dtí 9 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

### Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais SOLAS.

### Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún mionathraithe an chostais stairiúil agus de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 i bhfoirm a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Ach amháin mar atá luaite thíos, ullmhaíodh na ráitis airgeadais trí úsáid a bhaint as modh fabhráithe na cuntasaíochta agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn maidir le ráitis airgeadais a ullmhú lena dtugtar léargas fírinneach cóir ná na caighdeáin sin arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

De réir Chiorclán 21/2015 maidir le FRS 102 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuimsíonn na ráitis airgeadais seo an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas faoin Staid Airgeadais, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus an Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil. Ina theannta sin, is cuid dhílis de na ráitis airgeadais iad nótaí 1 go 19.

## Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

### Caipitliú

Luaitear Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh de réir costas stairiúil nó de réir suimeanna athluacháilte lúide dímheas carntha agus soláthairtí do bhearnú.

Tá costas na sócmhainne comhdhéanta de luach ceannaigh na sócmhainne móide aon chostais is inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a ullmhú dá húsáid bheartaithe.

I gcás daingneán agus feisteas a bhfuil a luach faoi bhun na tairsí caipitlithe, muirearaítear iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain an cheannaigh. Is é €1,000, CBL san áireamh, suim na tairsí caipitlithe. Déantar gach cineál trealamh ríomhaireachta a chaipitliú beag beann ar a luach.

### DDímheas

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas chun costas bunaidh na sócmhainne nó suim athluacháilte na sócmhainne lúide luach iarmharach measta na sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré eacnamaíoch úsáideach mheasta:

- Talamh – Nialas
- Foirgnimh – 50 bliain (2%)
- Feabhsúcháin ar Fhoirgnimh ar Léas (thar théarma an léasa)
- Trealamh agus Troscán – 5 bliana (20%)
- Ríomhairí agus trealamh eile ríomhaireachta – 3 bliana nó 5 bliana (33 ⅓% nó 20%)

Ní dhéantar aon soláthar do dhímheas i dtaca le talamh ruilse. Is le haistriú ón gCúlchiste Caipitil a mheaitseáiltear dímheas ar shócmhainní caipitil.

Déantar luach anonn na sócmhainní seasta inlámhsithe a athbhreithniú i gcomhair bearnaithe sa chás go dtugann eachtraí nó athruithe i gcúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála.

### Cúlchiste Caipitil

Is ionann an cúlchiste caipitil agus an ghlan-suim a chaitear ar shócmhainní inlámhsithe. Cistítear é le Deontais ón Státchiste. Is chuig ioncam a amúchtar na deontais sin thar shaolré ionchasach na sócmhainní de réir dímheasa, bearnú sócmhainní inlámhsithe agus díscríobh sócmhainní inlámhsithe.

## Fardal

Luaitear fardal de réir costais lúide díluachálacha cuí i gcomhair laghdú ar luach. Is ionann an costas agus praghas sonraisc na n-earraí.

## Airgead Tirim

I gcás na ráiteas faoi shreabhadh airgid, is é is airgead tirim ann airgead ar láimh agus taiscí atá inioctha ar éileamh..

## Soláthar

Aithnítear soláthar sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais sa chás go bhfuil oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe ar SOLAS agus gur dóigh go mbeadh eis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh.

## Ioncam

### Cistiú ón Stát

Tugtar cuntas i leith deontais reatha agus deontais chaipitil ar bhonn airgid thirim. I gcás deontas caipitil atá ar áireamh i gcúlchistí caipitil, aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar shaolré ionchasach na sócmhainní de réir dímheasa, bearnú sócmhainní inláimhsithe agus díscríobh sócmhainní inláimhsithe.

I gcás barrachais a tháinig chun cinn i mblianta roimhe, tugtar iad ar aghaidh go dtí an bhliain reatha le comhaontú na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ina dhiaidh sin, aisíoctar iad go hiomlán nó go páirteach leis an Roinn sa bhliain reatha nuair a iarrtar iad.

### Airgeadra Eachtrach agus Airgeadra Feidhmiúil

Cuirtear na míreanna atá ar áireamh sna ráitis airgeadais i láthair in Euro, airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina bhfeidhmíonn SOLAS (an "tAirgeadra Feidhmiúil").

I gcás idirbheart a rinneadh in airgeadra eachtrach le linn na tréimhse, aistríodh iad de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. I gcás sócmhainní agus dliteanas atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, aistrítear iad go Euro ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais. Is sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais a phléitear leis an mbrabús nó leis an gcaiteachas a thagann as sin.

## Deontais

Is ar bhonn airgid thirim a thugtar cuntas i leith deontais reatha agus deontais chaipitil a íoctar le Boird Oideachais agus Oiliúna, le Scoileanna Deonacha, le Scoileanna Pobail agus le Meánscoileanna, agus le raon gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile chun críocha Breisoideachais agus Oiliúna. Tá sé sin ag teacht leis an dóigh a dtugann SOLAS cuntas i leith cistiú ón Stát.

## Drochfhiacha

Nochtar féichiúnaithe de réir shuim an tsonraisc bhunaidh lúide liúntas le haghaidh fiach a bhfuil baol ann nach n-íofar iad. Déantar soláthar do dhrochfhiacha sa chás go bhfuil fianaise neodrach ann nach mbeidh SOLAS in ann na fiacha lena mbaineann a bhailiú. Ar a n-aithint, díscríobhtar drochfhiacha chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

## Léasú

I gcás cíosanna a bhaineann le léasanna oibriúcháin, muirearaítear iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir méid cothrom thar théarma an léasa. Níl aon léasanna airgeadais i bhfeidhm. Baineann na léasanna oibriúcháin le foirgnimh atá á n-áitiú ag SOLAS.

## Cásanna Dlí

Aithnítear costais dlí sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad, lena n-áirítear costais a bhaineann le cásanna oidhreacht a raibh FÁS ina pháirtí iontu. Sa chás go meastar gur dóigh go dtiocfadh ar shocraíocht sa chás agus gur féidir costas na socraíochta a thomhas go hiontaofa, déantar soláthar don mheastachán is fearr ón mBord ar an gcostas lena mbaineann.

## Sochair Scoir

Tá dhá scéim sochar scoir i bhfeidhm, is iad sin:

- Scéim sochair shainithe lena soláthraítear sochair scoir d'iarfhostaithe de chuid AnCO. Dúnadh an scéim sin do bhaill nua an 1 Eanáir 1988. An 31 Nollaig 2009, aistríodh sócmhainní na scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Déantar ranníocaíochtaí ó SOLAS agus ó bhaill foirne sa scéim seo a íoc leis an Roinn Oideachais agus Scileanna gach bliain.
- Scéim neamhchistithe sochair shainithe a n-íoctar a sochair as an gcistiú a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil gach bliain. Déantar ranníocaíochtaí ó bhaill foirne sa scéim seo a íoc leis an Roinn Oideachais agus Scileanna gach bliain.

Is ionann na costais sochar scoir agus na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim is in-aisghabhála ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Léiríonn na dliteanais sochar scoir luach láithreach na n-íocaíochtaí sochar scoir todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Is ionann cistiú iarchurtha sochar scoir agus an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

## Meastacháin agus Breithiúnais Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, is gá don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar an dóigh a gcuirtear beartaí i bhfeidhm agus ar shuímeanna na sócmhainní, na ndlíteanas, an ioncaim agus na speansas atá tuairiscithe. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar roinnt tosca éagsúla eile a mheastar a bheith réasúnta sna himthosca. Tá na torthaí orthu ar an mbunús do bhreithiúnais a dhéanamh ar luachanna anonn sócmhainní agus dlíteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile. D'fhéadfadh na torthaí iarbhir bheith éagsúil leis na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach. Aithnítear leasuithe ar réamh-mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse inar leasáidh an meastachán sa chás nach dtéann an leasú i bhfeidhm ach ar an tréimhse sin. Is i dtréimhse an leasaithe agus i dtréimhsí amach anseo a aithnítear an leasú sa chás go dtéann an leasú i bhfeidhm ar an tréimhse reatha agus ar thréimhsí amach anseo araon. Áirítear iad seo a leanas le réimsí lena mbaineann méid mór breithiúnais nó castachta nó le réimsí ina bhfuil toimhdí nó meastacháin tábhachtach ó thaobh na ráiteas airgeadais de:

### Bearnú Maoine, Fearais agus Treailaimh

Déantar luachanna anonn talún agus foirgneamh agus míreanna treailaimh agus troscáin a athbhreithniú i gcomhair comharthaí bearnaithe ag gach dáta tuairiscithe agus cuirtear iad faoi réir tástáil bearnaithe sa chás go dtugann eachtraí nó athruithe i gcúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach anonn in-aisghabhála.

Sa chás gur mó an luach anonn ná an tsuim in-aisghabhála mheasta (agus é níos mó ná an luach cóir lúide costais diúscartha agus luach úsáide), aithnítear caillteanas bearnaithe trí na sócmhainní a dhíluacháil go dtí a suim in-aisghabhála. Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreafaí airgid measta amach anseo a lascainiú de réir a luacha reatha trí leas a bhaint as ráta lascaine roimh cháin a léiríonn measúnuithe reatha margaidh ar amluach an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nár coigeartaíodh na réamh-mheastacháin ar shreafaí airgid amach anseo ina leith.

Sa phróiseas tástála bearnaithe, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh ar na sreafaí airgid amach anseo ar dóigh dóibh teacht as úsáid sócmhainní fadsaolacha agus, más infheidhme, as diúscairt sócmhainní fadsaolacha, agus ar thosca eile ar mhaithe le luach cóir na sócmhainní a chinneadh.

### Sochair Scoir

I gcás na ndlíteanas agus na gcostas a bhaineann leis na scéimeanna sochair shainithe scoir (idir na scéimeanna cistithe agus na scéimeanna neamhchistithe), is iad achtúirí atá cáilithe go cuí a mheasúnaíonn iad bunaithe ar

mhodh an aonaid réamh-mheasta. Tagtar orthu trí úsáid a bhaint as toimhdí achtúireacha atá bunaithe ar ionchais mhargaidh ag an dáta tuairiscithe airgeadais. Maidir leis na rátaí lascaine a úsáidtear chun luachanna reatha dhliteanais na scéimeanna a chinneadh, cinntear iad trí thagairt a dhéanamh do thorthaí margaidh ag an dáta tuairiscithe airgeadais ar bhannaí corparáide ar ardchaighdeán lena ngabhann airgeadra agus téarma atá ag teacht le hairgeadra agus le téarma na n-oibleagáidí gaolmhara sochair iarfhostaíochta.

Maidir leis an nglanbharrachas nó leis an nglaneasnamh a thagann as na scéimeanna sochair shainithe scoir, mar aon leis na dlíteanais a bhaineann leis na scéimeanna neamhchistithe, léirítear iad laistigh de shócmhainní neamhreatha nó laistigh de dhliteanais neamhreatha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

### – Toimhdí

Maidir leis na toimhdí taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treochtaí maidir le rátaí costas cúram sláinte), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna sochar scoir agus iarscoir.

Is féidir na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí sin:

- (i) I gcás an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáide ar ardchaighdeán.
- (ii) I gcás leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo.
- (iii) I gcás treochtaí maidir le rátaí costas cúram sláinte, an ráta boilscithe i gcostais leighis sna réigiúin lena mbaineann.

Is leagtha amach i Nóta 13 atá na meántoimhdí achtúireacha ualaithe a chuirtear i bhfeidhm chun dlíteanais sochar scoir agus dlíteanais eile iarfhostaíochta a chinneadh. Cé go gcreideann an lucht bainistíochta gur cuí atá na toimhdí a úsáideadh, d'fhéadfadh difríochtaí sa taithí iarbhir nó athruithe i dtoimhdí dul i bhfeidhm ar na hoibleagáidí agus ar na speansais a aithneofar i dtréimhsí cuntasaíochta amach anseo. Maidir le sócmhainní agus le dlíteanais na scéimeanna pinsean sochair shainithe scoir, d'fhéadfadh go mbeadh luaineacht shuntasach tréimhse ar thréimhse le brath iontu, agus an luaineacht sin is inchurtha go díreach i leith athruithe i dtorthaí bannaí agus i bhfadsaolaí. Mar aon le ranníocaíochtaí seirbhíse amach anseo, d'fhéadfadh go mbeadh ranníocaíochtaí suntasacha airgid ag teastáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun easnaimh sheirbhíse roimhe seo a leigheas.

## 2. Ioncam

	Nóta	2016	2015
		€'000	€'000
Cistiú ón Stát - Cistiú Neamhchaipitil	3	610,943	595,976
Deontais Chaipitil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna		2,477	2,705
Glanchistiú larchurtha Sochar Scoir	13(i)(c)	(11,689)	(11,388)
Ioncam Eile	4	3,275	3,763
Amúchadh an Deontais Chaipitil - Dímheas	5 & 8	335	269
<b>Iomlán an Ioncaim</b>		<b>605,341</b>	<b>591,325</b>

## 3. Cistiú ón Stát

	2016	2015
	€'000	€'000
Fuarthas cistiú ón Stát faoi na ceannteidil seo a leanas:		
<b>Cistiú Neamhchaipitil</b>		
<b>Vóta 26 (Fo-mhírchinn B3, B5 &amp; B7) - An Roinn Oideachais agus Scileanna</b>		
<b>Speansais Riaracháin agus Ghinearálta</b>		
Costais Foirne agus Forchostais (B3)	17,530	18,088
Lúide: Ranníocaíochtaí Sochar Scoir ó Fhostaithe a íocadh leis an Roinn	(675)	(914)
Lúide: Ranníocaíochtaí Sochar Scoir ó Fhostaithe a íocadh leis an Roinn	(216)	(239)
	16,639	16,935
Cláir Oiliúna SOLAS (B3)	5,558	5,000
Deontais Phá don Bhreisoideachas agus Oiliúint (B5)	101,507	100,207
Deontais Neamhphá don Bhreisoideachas agus Oiliúint (B5)	168,539	163,292
Cistiú Sochar Scoir (B7)	32,600	31,626
<b>Iomlán Vóta 26 - An Roinn Oideachais agus Scileanna</b>	<b>324,843</b>	<b>317,060</b>



### 3. Cistiú ón Stát (ar lean)

	2016	2015
	€'000	€'000
Airgead eile ón Oireachtas		
An Ciste Náisiúnta Oiliúna †	286,100	278,916
<b>Iomlán an Chistiúcháin ón Stát - Cistiú Neamhchaip- itil #</b>	<b>610,943</b>	<b>595,976</b>
Caipiteal		
Vóta 26 (Fo-mhírchinn B3.1 & B5.3) - An Roinn Oideachais agus Scileanna	3,000	3,000
<b>Iomlán an Chistiúcháin ón Stát - Cistiú Caipitil</b>	<b>3,000</b>	<b>3,000</b>
<b>Iomlán an Chistiúcháin ón Stát</b>	<b>613,943</b>	<b>598,976</b>

# Tá Cistiú Neamhchaipitil ón Stát tuairiscithe glan ó bharrachas €17.183m a aisghabhadh ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Bhain an barrachas sin le blianta roimhe. Murab ann don aisghabháil sin, bheadh an Cistiú Neamhchaipitil ón Stát do ghníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna cothrom le €628.126m agus bheadh an t-ioncam iomlán cothrom le €622.524m sa bhliain 2016.

† Fuarthas suim €286.100m (2015: €278.916m) ón gCiste Náisiúnta Oiliúna le linn na bliana. Úsáideadh na cistí sin chun raon Clár Breisoideachais agus Oiliúna a mhaoiniú go páirteach do dhaoine fostaithe agus do dhaoine dífhostaithe araon, lena áiríodh cúrsaí Printiseachta, cúrsaí Momentum, cúrsaí Oiliúna Scileanna, Cúrsaí Oiliúna, Cúrsaí Bonnleibhéil/Nasc-Chúrsaí, cúrsaí Bonnleibhéil / Dul Chun Cinn in Ionaid Oiliúna Pobail, Soláthraithe Sainoiliúna, an Ciste um Oideachas Bunúsach san Áit Oibre agus an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais.

Áirítear le cistiú ón Stát airleacain a fuarthas ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú nuair is iomchuí.

Ar aon dul le Ciorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rinne SOLAS aisíocaíocht €1.4m leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn na bliana 2016 ar iarraidh ón Roinn sin.

### 4. Ioncam Eile

	2016	2015
	€'000	€'000
Tionscnaimh AE	0	198
Gníomhaíochtaí Tógála	3,101	3,355
Ioncam Ilghnéitheach	174	210
<b>Iomlán</b>	<b>3,275</b>	<b>3,763</b>

## 5. Costais Phárolla, Costais Sochar Scoir agus Forchostais

	Nóta	2016	2015
		€'000	€'000
<b>Costais Phárolla</b>			
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Chumarsáid, agus an Rúnaíocht		618	600
Straitéis agus Eolas		2,684	2,764
Forbairt Scileanna / Cláir Lárnacha		3,994	4,180
Acmhainní		4,438	4,595
<b>Iomlán na gCostas Párolla *</b>		<b>11,734</b>	<b>12,139</b>
<b>Iomlán na gCostas Sochar Scoir</b>	<b>13(i)(a)</b>	<b>19,200</b>	<b>19,190</b>
<b>Forchostais</b>			
Taisteal agus Cothú †		336	348
Oiliúint agus Forbairt Foirne		80	143
Dímheas	8	335	269
Costais Bhunaithe		2,995	2,721
Costais Forbartha Clár		266	149
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide		1,200	1,170
Árachas agus Timpistí		792	304
Forchostais Eile ‡		870	2,804
<b>Iomlán na bhForchostas</b>		<b>6,874</b>	<b>7,908</b>
<b>Iomlán na gCostas Párolla, na gCostas Sochar Scoir agus na bhForchostas</b>		<b>37,808</b>	<b>39,237</b>
Táille Iniúchta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste		40	40

\* Cuimsíonn na Costais Phárolla Tuarastal €11,718k, Liúntais ar fiú €15k iad agus costais Ragoibre ar fú €1k iad.

† Tá speansais Taistil agus Chothaithe ar fiú €53k iad don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF) ar áireamh i gCostais Chlár EGF (Nóta 6). Cuimsíonn na speansais thuasluaite Taistil agus Chothaithe suim €313k a bhain le turais náisiúnta agus suim €23k a bhain le turais idirnáisiúnta.

‡ Áirítear le Forchostais Eile an Táille Iniúchta a íocadh leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

‡ Áirítear le Forchostais Eile pinsin agus táillí comhairleachta acmhainní daonna ar fiú €20k iad, mar aon le costais chomhairleachta eile €14k a cuireadh ar fhorchostais.

‡ Ba ar chostais dhíreacha chlár a cuireadh táillí comhairleachta eile ar fiú €94k iad.

‡ Áirítear le hIomlán na bhForchostas 2016 suim €12k a caitheadh ar fholláine foirne agus ar bhaill foirne leighis, mar aon le caiteachas éagsúil.

‡ Áirítear le Forchostais Eile táillí agus costais a cuireadh i leith soláthraithe seirbhísí dlí agus seirbhísí gaolmhara. Cuireadh suim €391k ar fhorchostais i leith costais ghinearálta dlí agus cuireadh suim €205k ar chostais dhíreacha chlár i ndáil le Printíseacht Nua.

## 6. Costais Chlár

	2016	2015
	€'000	€'000
An rCholáiste	1,686	2,753
An Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta	1,257	0
An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú	1,069	1,048
Momentum (an Ciste don Mhargadh Saothair, Oideachas agus Oiliúint)	4,792	10,887
<b>Oiliúint le haghaidh na Fostaíochta</b>	<b>8,804</b>	<b>14,688</b>
Printíseacht	1,767	1,156
Tógáil	1,063	1,057
<b>Oiliúint san Fhostaíocht</b>	<b>2,830</b>	<b>2,213</b>
Athbhreithniú ar an gClár Iar-Ardteistiméireachta	83	83
